BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ

KERRY EDUCATION AND TRAINING BOARD




# Tuarascáil Bhliantúil 2015

# Clár na nÁbhar


**Focal Fáilte ón gCathaoirleach** **1**

**Brollach ón bPríomhfheidhmeannach** **2**

**Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, 2015** **4**

**Cuid 1** **Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí –**
**Cúlra agus Comhthéacs** **5**

**Cuid 2** **An Tuarascáil ar Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna** **8**

- ***Iar-bhunscoileanna agus an tÓgra*** **8**
- ***Breisoideachas agus Oiliúint*** **35**
- ***Oideachas agus Oiliúint Spóirt agus Comhshaoil*** **51**

**Cuid 3** **Rialachas Corparáideach agus Airgeadas** **53**

# Focal Fáilte ón gCathaoirleach



I mo cháil mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), ba mhaith liom fáilte a chur romhat chuig ár dTuarascáil Bhliantúil don bhliain 2015. Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil seo i dtoll a chéile de réir fhorálacha alt 28 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus alt 18 den Chód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Bliain an-suntasach d'fhorbairt ár n-eagraíochta nuabhunaithe ba ea an bhliain 2015. Tugadh "reachtaíocht chumasúcháin" ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca ag bunú na mBord Oideachais agus Oiliúna. D'oibrigh na Comhaltaí Boird agus na Coistí le baill foirne sa bhliain 2015 chun leathnú leantach na scéime a chinntiú.

Foilsíodh "Ciorclán 0018/2015 – An Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna" i mí an Mhárta 2015. Ba é sin an Cód Rialachais nua do Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Cuireadh oiliúint ar an mBord i dtaca leis an gCód nua. Bhí dhá chruinniú dhéag ag an mBord sa bhliain 2015. Bhain gné shuntasach de ghnó an Bhoird le tabhairt chun críche a dhéanamh ar bhunú na mBord Bainistíochta Scoile agus Ionaid go léir agus ar bhunú an Choiste Iniúchóireachta, an Choiste Airgeadais agus an Choiste Foirgneamh. Ba choistí nua iad sin go léir.

Rinneamar óstáil ar ár Searmanas Bronnta Bliantúil do Dhaltaí an 16 Eanáir 2015. Le linn an tsearmanais sin, bronnadh ocht ngradam is seachtó ar dhaltaí aonair agus bronnadh gradam ar scoil amháin. Is an-léiriú ar bhunluachanna na heagraíochta agus ar an gcur chuige iomlánaíoch a ghlacann sí i leith soláthar oideachais iad na gradaim a bhronntar le linn an tsearmanais.

B'ann do roinnt mhaith forbairtí suntasacha eile sa bhliain 2015, rud a chuir leis an obair dhícheallach a rinneadh i mblianta roimhe. Mar sin féin, buaicphointe amháin sa bhliain a bhí sa chuairt a thug Jan O'Sullivan TD, an tAire Oideachais agus Scileanna, orainn an 8 Deireadh Fómhair. Le linn na cuairte sin, sheol an tAire na saoráidí athchóirithe ag Coláiste Breisoideachais Chiarraí go hoifigiúil agus d'oscail sí ár gCeannoifig nua.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Boird agus leis an bhfoireann ar fad as an díograis agus an tiomantas a thaispeáin siad chun a chinntiú go n-éireodh leis an aistriú chuig an struchtúr nua sa bhliain 2015. Le linn na bliana 2015, bhí ag méadú ar an líon daoine a bhí ag glacadh páirt i ndeiseanna oideachais agus oiliúna inár scoileanna agus inár gcláir Bhreisoideachais agus Oiliúna.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, thar ceann an Bhoird, leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an Oifigeach Oideachais agus leis an bhfoireann ar fad as an obair ríluachmhar a rinne siad sa bhliain 2015. Táim an-mhuiníneach go gcuirfear feabhas sna blianta le teacht ar an gclú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí mar chomhlacht a sholáthraíonn oideachas agus oiliúint den chéad scoth. Is féidir linn déanamh amhlaidh ach obair le chéile.

*"Education is the most powerful weapon which you can use to change the world".*

*Nelson Mandela*

**An Comh. Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

# Brollach ón bPríomhfheidhmeannach

Tá ríméad orm fáilte a chur romhat chuig Tuarascáil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) don bhliain 2015. Bliain an-ghnóthach eile don Bhord Oideachais agus Oiliúna a bhí sa bhliain 2015. D'éirigh linn lear mór éachtaí agus forbairtí a thabhairt chun críche fud fad na scéime. Ba é a bhí sa bhliain ná deis na hathruithe a rinneadh i mblianta roimhe a chur le comhtháthú breise na feidhme oiliúna agus le bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.



Tá bunluachanna na heagraíochta mar bhonn agus thaca ag na deiseanna oideachais agus oiliúna a sholáthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar fud an chontae. Is iad seo na bunluachanna sin: Caighdeán, Foghlaim, Meas, Cuimsiú agus Comhionannas. Bliain an-rathúil iontach do na hiar-bhunscoileanna faoinár sainchúram a bhí sa bhliain 2015. Gnóthaíodh torthaí iontacha sna scrúduithe stáit agus bhí rolluithe an-mhaith ann ar fud na scéime. Soláthraíodh tionscnaimh nua a bhfuil mar aidhm leo tacú le teagasc agus foghlaim mar chuid den chlár um Scoileanna a Fhorbairt agus Foghlaim a Shaibhriú. Chomh maith leis sin, cuireadh tús leis an tionscadal OneNote a chur i bhfeidhm i scoileanna.

Tríd is tríd, bliain rathúil dár gcláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a bhí sa bhliain 2015. Cuireadh leis na hathruithe móra a bhí á ndéanamh i réimse an Bhreisoideachais agus na hOiliúna nuair a thug SOLAS cur chuige nua isteach i leith pleanáil agus tuairisciú. Le linn na bliana, d'oibrigh na baill foirne go léir i gcomhpháirt chun dul i dtaithí ar na ceanglais nua agus athrú chun iad a chomhlíonadh de réir mar a leanamar leis an soláthar breisoideachais agus oiliúna a chomhtháthú sa cheantar áitiúil. Róil ríthábhachtacha sna hathruithe leanúnacha a bhrú chun cinn sa bhliain 2015 a bhí sna róil a ghlac an Fhoireann Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus an Fóram Breisoideachais agus Oiliúna.

Forbairt an-suntasach sa bhliain 2015 ba ea athlonnú Cheannoifig na heagraíochta ó Theach Riverside chuig foirgneamh an Lárphointe i dTrá Lí. Bhí athlonnú na n-oifigí ina mhórthionscadal do gach duine a ghlac páirt ann. Táimid thar a bheith sásta lenár n-oifigí nua-aimseartha nua atá lonnaithe i lár an bhaile. Tá rochtain réidh ag an bpobal ar láthair nua na hoifige. Chomh maith leis sin, tá an eagraíocht níos sofheicthe.

Áiríodh na nithe seo leis na buaicphointí eile a bhí ann sa bhliain 2015: Chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna foirgneamh nua Ghaelcholáiste Chiarraí ar áireamh sa chlár tógála scoileanna i mí na Samhna 2015; cuireadh oibreacha ar an stáisiún raidió nua san Ionad Oiliúna i gcrích; thángthas ar chomhaontú le Bord CLG Chiarraí le haghaidh fhorbairt na páirce spóirt ag Ionad Spóirt Thrá Lí, rud a n-úsáidfidh na scoileanna é; cuireadh conradh láraithe i bhfeidhm le haghaidh tacaíocht theicniúil TF do scoileanna agus don Ionad Oiliúna; cuireadh comhaontú ceadúnais champais Microsoft don scéim i bhfeidhm; cuireadh na naisc 100 MB chuig ár scoileanna i gcrích; cuireadh Scéim Teanga 2015-2019 i gcrích, i measc nithe eile.

Bíonn ról an-tábhachtach ag Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, ag na Coistí, ag Boird Bhainistíochta na scoileanna agus na n-ionad aonair, ag Fóraim Thuismitheoirí agus ag Fóraim Dhaltaí. Thar ceann choiste feidhmiúcháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na Comhaltaí go léir den Bhord, de na Coistí, de na Boird Bhainistíochta, de na Fóraim Thuismitheoirí agus de na Fóraim Dhaltaí as an méid mór a chuir siad leis an eagraíocht sa bhliain 2015. Tá ár mbaill foirne ar an tsócmhainn is mó atá ag an eagraíocht. Ba mhaith liom, mar sin, buíochas a ghabháil le Ann O'Dwyer, ár nOifigeach Oideachais, agus leis na baill foirne go léir sa Cheannoifig, inár scoileanna agus inár n-ionaid as a chinntiú go raibh bliain rathúil eile ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.


**Colm McEvoy**
**An Príomhfheidhmeannach**

# Comhaltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, 2015

- An Comh. John Brassil
- Debbie Brosnan Uas.
- An Comh. Michael Cahill
- An Comh. Toiréasa Ferris
- An Comh. Jim Finucane
- An Comh. Séamus Fitzgerald
- An Comh. John Francis Flynn
- An tUas. Eugene Moriarty
- An Comh. Norma Foley
- An tAth. Ger Godley
- Brid McElligott Uas.
- Mary McGillicuddy Uas.
- An Comh. Norma Moriarty
- An Comh. Dianne Nolan
- An Comh. Terry O'Brien
- An tUas. Hugh O'Connell
- An tUas. Leonard O'Donnell
- Maria O'Gorman Uas.
- An Comh. Damien Quigg
- Mary Anne Slattery Uas.
- An Comh. Aoife Thornton

# Cuid 1: Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí – Cúlra agus Comhthéacs

## CAIRT EAGRÚCHÁIN BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ




## CÚLRA AGUS COMHTHÉACS

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (Seirbhís Oideachais Chiarraí roimhe sin – an Coiste Gairmoideachais i gCiarraí) an 1 Iúil 2013. Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ina ghníomhaireacht reachtúil ar a bhfuil freagracht as seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar i gContae Chiarraí.

## RÁITEAS MISIN

*I gcomhar le gníomhaireachtaí eile oideachais agus oiliúna agus le comhlachtaí forbartha pobail, is é misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí sochaí foghlama ar feadh an tsaoil i gCiarraí a chruthú agus forbairt na sochaí sin a chur chun cinn chun go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn i gCiarraí ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúrtha, eacnamaíocha agus shibhialta.*


## BUNLUACHANNA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ – SOCHAÍ FOGHLAMA I GCIARRAÍ A CHRUTHÚ




## CLÁIR AGUS IONAID BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ:

- **Iar-bhunscoileanna:** Ocht nIar-bhunscoil (Castleisland Community College, Causeway Comprehensive School, Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín, Gaelcholáiste Chiarraí i dTrá Lí, Coláiste Pobail Chill Airne, Coláiste Pobail Chill Orglan, Coláiste na Ríochta (Coláiste Pobail Lios Tuathail roimhe sin), Coláiste Gleann Lí i dTrá Lí (Coláiste Pobail Thrá Lí roimhe sin)).
- **An Iar-Ardteistiméireacht:** Ceithre Choláiste a chuireann cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta ar fáil (Coláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín, Coláiste Pobail Chill Airne, Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh (Coláiste Pobail Lios Tuathail roimhe sin), Coláiste Breisoideachais Chiarraí i dTrá Lí (Coláiste Pobail Thrá Lí roimhe sin)).
- **Oiliúint:** Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, Móin an Bhaile, Trá Lí.
- **Ionaid Oideachais Aosach:** Ceithre Ionad Oideachais Aosach (Ionad Uí Chonaill i gCathair Saidhbhín, An Tóchar ar an Tóchar, Ionad Oideachais Aosach Neidín, Tech Amergin ar an gCoireán).
- **An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS):** Cúig Ionad VTOS (Trá Lí, Cill Airne, Lios Tuathail, Ciarraí Theas (Cill Orglan agus Cathair Saidhbhín)).
- **Ógtheagmháil:** Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí Ógtheagmháil ar fáil i gcomhpháirt le Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí i dTrá Lí, i gCill Airne agus i Lios Tuathail agus sna hIonaid de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i gCill Airne, i gCiarraí Theas agus i dTrá Lí.
- **Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach:** Arna sholáthar i gceithre Ionad um Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach (Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, an Daingean, Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail, Trá Lí).
- **An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas:** Arna sholáthar in Ionaid de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus in ionaid for-rochtana ar fud an Chontae.
- **Oideachas Pobail:** Arna sholáthar in Ionaid de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus i bpobail ar fud an Chontae.
- **An Clár Ranganna Oíche:** Arna thairiscint i gceithre Scoil (Trá Lí, Cill Airne, Cill Orglan agus Lios Tuathail agus inár gceithre Ionad Oideachais Aosach).
- **An tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh:** Arna soláthar ar fud an chontae.
- **Oideachas agus Oiliúint Allamuigh agus Comhshaoil:** Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh na Lao agus Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne.
- **Spórt:** Ionad Réigiúnach Spóirt agus Fóillíochta Thrá Lí Teo., faoi chomhúinéireacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus Chomhairle Contae Chiarraí.

# LÁITHREACHA SOLÁTHAIR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ



# Cuid 2:
# An Tuarascáil ar Sheirbhísí Oideachais agus Oiliúna

## *IAR-BHUNSCOILEANNA AGUS AN tÓGRA*

Tá ocht nIar-bhunscoil faoi shainchúram Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, lena n-áirítear ceithre choláiste a thairgeann Cláir Iar-Ardteistiméireachta. Lean an líon daltaí a bhí rollaithe i scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar aghaidh ag méadú sa tréimhse. Bhí na rolluithe foriomlána do na hocht scoil mar seo a leanas:
2014/15 – Iomlán na ndaltaí Iar-bhunscoile agus Iar-Ardteistiméireachta: 3,142
2015/16 – Iomlán na ndaltaí Iar-bhunscoile agus Iar-Ardteistiméireachta: 3,179

### TIONSCNAMH BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ UM SCOILEANNA A FHORBAIRT AGUS FOGHLAIM A SHAIBHRIÚ

Bliain an-táirgiúil a bhí sa bhliain 2015. Tairgeadh deiseanna inseirbhíse do mhúinteoirí ar fud raon ábhar agus tapaíodh na deiseanna sin lena linn. Gabhtar buíochas ionraic leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) agus leis an bhfoireann as an tacaíocht iontach a thug siad do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach den chéad scoth a chur ar fáil dár gcuid múinteoirí agus ceannairí.

### EACNAMAÍOCHT BHAILE

Chaith SFGM dhá sheisiún ag obair le múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile. Bhí na múinteoirí thar a bheith sásta teacht le chéile mar ghrúpa agus a gcuid eolais a chomhroinnt. Mhol na múinteoirí go bhféadfadh daltaí Idirbhliana sa scéim obair ar leabhar oidis de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí a chur le chéile. Táimid ag súil go gcaithfidh siad neart uaireanta i mbun cócaireachta agus báicéireachta. Fuarthas aiseolas fíordhearfach ó na seisiúin. Luaigh na múinteoirí go raibh sé ina chabhair teacht le chéile mar ghrúpa agus gur chuir sé ar a suaimhneas iad. Uaslódáladh ábhar chuig Share Drive, áit a mbeidh gach múinteoir in ann an t-ábhar a rochtain.

### RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS

Bhuail SFGM le múinteoirí riachtanas speisialta oideachais freisin i mí Eanáir. Phléigh na múinteoirí na nithe a bhfuil ag éirí leo, na dúshláin a théann i bhfeidhm ar thacaíocht riachtanas speisialta oideachais agus an soláthar atá ar fáil ina scoileanna faoi láthair. Comhroinneadh roinnt mhaith eiseamláirí dea-chleachtais. Phléigh na múinteoirí na riachtanais atá acu ó thaobh forbairt ghairmiúil leanúnach de. Luaigh siad gur réimsí tosaíochta iad nuashonrú a dhéanamh ar an bPlean Riachtanas Speisialta Oideachais i scoileanna agus teimpléid a dhearadh le haghaidh tascanna agus próiseas ar fud na bliana. Mhol SFGM na múinteoirí as an obair shármhaith atá á déanamh i Ranna Riachtanas Speisialta Oideachais i scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

### AN IDIRBHLIAIN

Tugadh Comhordaitheoirí Idirbhliana le chéile den chéad uair riamh i mbliana. Bhí ríméad ar an ngrúpa bualadh le hiar-Chomhordaitheoir Náisiúnta Idirbhliana, a d'éascaigh na seisiúin agus a tharraing moltaí iontacha anuas. Bhain gach duine leas as an gcomhroinnt eolais maidir le cur chun cinn, le cruinnithe le tuismitheoirí, le faisnéis a scaipeadh ar chomhghleacaithe, agus le Pleananna Idirbhliana. D'fhreastail na múinteoirí ar sheisiún oiliúna i mí na Bealtaine agus cuirfear an clár chun feidhme i ranganna OSPS/Reiligiúin do dhaltaí Idirbhliana i bhfómhar na bliana 2016. D'iarr Comhordaitheoirí Idirbhliana go reáchtálfaí tuilleadh seisiún maidir le Measúnacht san Idirbhliain, le Plean na Roinne Idirbhliana agus le cur chun cinn an chláir.

## GNÓ

Tháinig múinteoirí Gnó le chéile uair amháin i mbliana.  D'oibrigh an grúpa ar Phlean na Roinne Ábhair agus chomhroinn na baill smaointe ar straitéisí agus ar mhodheolaíochtaí.  Bhí ar SFGM a cur i láthair a thabhairt gan teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid mar go raibh briseadh ann sa soláthar cumhachta i dTrá Lí an lá sin!  Bhí na múinteoirí sásta leis na leideanna a tugadh dóibh i dtaca le gnó a theagasc do rang cumais mheasctha.

## GAEILGE

D'oibrigh SFGM le múinteoirí Gaeilge trí huaire i mbliana. Phléigh siad leis an ngramadach, le TFC a úsáid i nGaeilge a theagasc, le modheolaíochtaí agus acmhainní teagaisc, agus le moltaí le haghaidh Plean na Roinne Ábhair a scríobh.  Chabhraigh an Cheannoifig leis an ngrúpa an Plean a uaslódáil chuig Share Drive na scoile ar Microsoft 365.  Chuir an tOifigeach Gaeilge i mBord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí sraith straitéisí i láthair le haghaidh Gaeilge a theagasc mar theanga. Mhínigh sí do na múinteoirí gur féidir an tsamhail a leag sí amach a úsáid le haghaidh Nuatheanga Iasachta ar bith a theagasc.  Is rud iontach é go bhfuil an chuid is mó dár scoileanna ag glacadh páirt i Rogha Béaltrialach na Sraithe Sóisearaí.

## NUATHEANGACHA IASACHTA

D'oibrigh SFGM le múinteoirí Nuatheanga Iasachta le linn dhá sheisiún ar straitéisí agus ar acmhainní agus, mar a bhí amhlaidh san oiliúint ar fad sa bhliain, ar Phlean na Roinne Ábhair.  Bhí ár múinteoirí teanga go mór i bhfabhar TFC agus Eagraithe Grafacha a úsáid i dteangacha iasachta a theagasc.  Luadh gur acmhainní an-úsáideach iad SFGM agus Cártaí Bloom's Taxonomy.  Gabhtar buíochas ionraic leis na múinteoirí agus na scoileanna a chuir tús le páirt a ghlacadh i Rogha Béaltrialach na Sraithe Sóisearaí do Nuatheangacha Iasachta.  Tá idir Fhraincis agus Spáinnis ar fáil anois don Rogha Béaltrialach.

## STAIR



D'oibrigh SFGM le múinteoirí Staire i mbliana.  Bhí ríméad ar ár gcomhghleacaithe teacht le chéile agus plé a dhéanamh ar an úsáid is féidir a bhaint as TF i Stair a theagasc agus a fhoghlaim.  Acmhainní ar a raibh tóir a bhí in Eagraithe Grafacha agus i suíomhanna Gréasáin SFGM.  D'oibrigh múinteoirí ar Phlean na Roinne Ábhair freisin.  Tugadh faoi deara sna meastóireachtaí gur mhór an chabhair é a fhoghlaim conas is féidir píosaí scannáin YouTube a chóipeáil lena n-úsáid sa rang.

## TREOIRCHOMHAIRLEOIRÍ/PRÍOMHOIDÍ

Tháinig treoirmhúinteoirí le chéile mar ghrúpa i mí na Samhna chun aghaidh a thabhairt ar réimsí imní agus breac-chuntas a thabhairt ar réitigh chun dul chun cinn a dhéanamh ar ábhair amach anseo.  Pléadh Plean Folláine Scoile Uile mar shaothar a bhí le déanamh i scoileanna ar fud na scéime.  Chuir Castleisland Community College a phlean in iúl don ghrúpa.  Tháinig Príomhoidí agus Treoirchomhairleoirí le chéile le haghaidh seisiúin chun iniúchadh a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí i dtaca le Plean Folláine Scoile Uile a dhréachtú.  Gabhtar buíochas le SFGM, a d'éascaigh an seisiún agus a thug moltaí le haghaidh dul ar aghaidh.  Mar thoradh ar an gcruinniú sin, cuireadh foghrúpa ar bun.  D'oibrigh an foghrúpa sin ar dhoiciméad beartais lena chomhroinnt leis na scoileanna go léir.  Ba ag cruinniú na bPríomhoidí i mí na Bealtaine a scaipeadh an teimpléad a bhí le húsáid ag gach scoil.  Gabhtar buíochas leis an bhfochoiste, a thóg an t-am chun obair ar an bplean.

## CEANNAIREACHT

Tháinig Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí le chéile roinnt uaireanta sa bhliain chun aghaidh a thabhairt ar réimsí imní agus chun breisoiliúint a chur ar fáil le go mbeifí in ann freastal ar riachtanais shíorathraitheacha na ndaoine sin a oibríonn i bpoist Ardbhainistíochta inár scoileanna.

Tháinig an Lucht Meánbhainistíochta agus Príomhoidí Cúnta le chéile chun cúrsaí Ceannaireachta agus Bainistíochta a phlé.  Luaigh Sealbhóirí Poist go raibh sé an-luachmhar naisc le Príomhoidí Cúnta eile a bhunú

le go mbeidís in ann foghlaim óna n-eispéireas. Moladh go dtiocfadh an grúpa le chéile an athuair chun iniúchadh a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí, ar dhoiciméid teimpléid agus ar nósanna imeachta le haghaidh déileáil le cásanna a thagann aníos i scoileanna.

## OILIÚINT CEANNAIREACHTA

Rinne cúig mhúinteoir is caoga de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí cur i gcrích ar an oiliúint Meánbhainistíochta a reáchtáil Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Chuir na Príomhoidí Scoile agus an Múinteoir Tacaíochta Riachtanas Speisialta Oideachas de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an oiliúint ar fáil. D'fhreastail Príomhoidí Scoile agus Baill Foirne Ardbhainistíochta ar shraith sé cheardlann ar Chleachtas Athmhachnamhach agus ar Chomhchleachtas Comhoibríoch.

## IONDUCHTÚ MÚINTEOIRÍ NUA

Bhí ríméad ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí fáilte a chur roimh mhúinteoirí nuacheaptha chuig trí sheisiún inseirbhíse sa bhliain acadúil seo. Gabhtar buíochas le gach duine dár múinteoirí agus dár láithreoirí a thóg an t-am chun freastal ar na seisiúin. Áiríodh Cleachtas Athmhachnamhach agus Tús Eolais ar Microsoft 365 leis na hábhair a pléadh. D'oibrigh an Leas-Phríomhoide ar Castleisland Community College leis an ngrúpa. Bhain an obair sin le Modheolaíochtaí Teagaisc Ghníomhaigh agus le Dearadh Ceachtanna Madeline Hunter. Gabhtar buíochas freisin leis na Rannóga Acmhainní Daonna agus na Rannóga Airgeadais a chuir comhairle ar na múinteoirí nuacheaptha i ndáil le roinnt saincheisteanna. B'an-dearfach a bhí an t-aiseolas a fuarthas i leith gach seisiúin.

## PLEANÁIL DEIS (COMHIONANNAS DEISE A SHOLÁTHAR I SCOILEANNA) I gCOMHTHÉACS FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE

D'fhreastail Príomhoidí agus Pleanálaithe Scoile ar sheisiún inseirbhíse le SFGM i mí Eanáir. Le linn an tseisiúin sin, d'oibrigh siad ar an bPróiseas Féinmheastóireachta Scoile a bhfuil Sé Chéim i gceist leis. Luadh gur seisiún sármhaith é ó thaobh Meastóireachtaí de. Gabhtar buíochas ionraic leis an bhFoireann Bainistíochta Scoile ar Choláiste Pobail Chill Airne as a Plean DEIS a chomhroinnt.

## OILIÚINT DO CHÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA

D'fhreastail cúntóirí riachtanas speisialta ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach trí lá i mí an Mheithimh 2015. Phléigh siad le Scríobh Tuairiscí, le Bainistíocht Struis agus le Féinchúram. Bronnfaidh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) Deimhnithe Garchabhrach ar chúntóirí riachtanas speisialta ar ball.

## MATAMAITIC

Tháinig múinteoirí Matamaitice le chéile i mí Mheán Fómhair, i mí na Samhna agus i mí Feabhra chun obair ar Khan Academy a úsáid lena ndaltaí. Is é is Khan Academy ann ná suíomh Gréasáin idirghníomhach saor in aisce a maoiníonn Bill Gates Foundation é. Ar an suíomh Gréasáin, tugtar treoracha físeánbhunaithe Matamaitice agus fadhbanna Matamaitice chun an t-eolas atá ag an dalta ar an ábhar a thástáil. Ghnóthaigh na daltaí pointí as amharc ar fhíseáin agus fadhbanna a réiteach. Ghlac scoileanna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí páirt i nDúshlán Learnstorm, comórtas atá bunaithe ar ardán Khan Academy. D'éirigh le beirt daltaí ó Choláiste na Sceilge áit a bhaint amach i measc an 10 iomaitheoirí is fearr ó líon iomlán 30,000 duine a chuaigh in iomaíocht. Gheobhaidh siad scoláireacht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath má roghnaíonn siad freastal uirthi.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Mír chaighdeánach ar an gclár oibre do gach cruinniú de chuid Bhoird Bhainistíochta Scoile Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí is ea Sláinte agus Sábháilteacht. Le linn na bliana, chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus Comhlachtaí Poiblí Éireannacha oiliúint i Sláinte agus Sábháilteacht agus i mBainistíocht Riosca ar fáil do na daoine seo a leanas i gcomhpháirt: Airígh; Múinteoirí Adhmadóireachta, Miotalóireachta,

Eacnamaíocht Baile agus Eolaíochta; agus Oifigigh Shláinte agus Sábháilteachta. Cuireadh oiliúint in úsáid shábháilte dréimirí ar Airígh freisin. Chomh maith leis sin, cuireadh leabhar nótaí OneNote le chéile le go mbeadh gach Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta agus gach Príomhoide in ann dul i mbun comhair agus amharc ar na doiciméid Sláinte agus Sábháilteachta a bhaineann lena scoil. Rinneadh ionadaíocht do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar ghrúpa an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta Náisiúnta. Tháinig an grúpa le chéile gach dhá mhí chun raon cuimsitheach beartas Sláinte agus Sábháilteachta a dhréachtú. Is beartais iad a chlúdaíonn na gníomhaíochtaí agus na hoibríochtaí éagsúla a ndéanann Boird Oideachais agus Oiliúna iad.

## TFC

Cuireadh raon leathan oiliúna i TFC ar siúl sa bhliain mar chuid den Straitéis Scoileanna Digiteacha le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Is é atá sa Straitéis ná plean cúig bliana chun níos mó teicneolaíochta a chomhtháthú isteach inár gcuid teagaisc agus foghlama. Tá sé mar chuspóir ag an tionscadal an teicneolaíocht néalríomhaireachta a úsáid chun comhar a mhéadú sa phobal scoile agus chun tacú le modheolaíochtaí foghlama gníomhaí, rud a chuireann ar chumas na ndaltaí an t-ábhar ranga a léamh lasmuigh den scoil agus a chinntíonn go bhfuil scileanna digiteacha ár gcuid daltaí cothrom le dáta.

Beidh seoladh ríomhphoist oifigiúil scoile ag gach múinteoir de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Chomh maith leis sin, bainfidh siad leas as raon uirlisí nua le haghaidh obair le chéile agus le daltaí. Cheannaigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ceadúnas campais Microsoft le go mbeadh baill foirne in ann Microsoft Office a shuiteáil saor in aisce ar fheistí sa bhaile. Tá an rogha sin ar fáil do gach dalta freisin. Tá scoileanna ag úsáid féiliirí comhroinnte chun gach duine a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú sa scoil. Ina theannta sin, tá siad ag úsáid stóráil néalríomhaireachta le go bhfuil múinteoirí in ann amharc ar a gcomhaid lasmuigh den scoil agus tugadh tús eolais do mhúinteoirí ar dhóigheanna nua ar féidir leo faisnéis a chur ar fáil do dhaltaí ach OneNote a úsáid. Chomh maith leis sin, tá spásanna Gréasáin ag scoileanna, áit ar féidir le gach Roinn Ábhair doiciméid a stóráil, eolas a chomhroinnt agus faisnéis a scaipeadh ar dhaltaí.

Cuireadh oiliúint shonrach trí lá ar cheannairí scoile sa bhliain agus tháinig triúr múinteoirí treoraithe in aghaidh na scoile le chéile sa bhliain le haghaidh trí sheisiún. Tá múinteoirí i roinnt scoileanna ag cur oiliúint ar na múinteoirí eile ina scoil. Ina theannta sin, tugadh seisiúin faisnéise dóibh siúd a bhí páirteach i gcruinnithe múinteoirí ábhair, áit a ndéantar ionadaíocht do gach scoil, faoi dhóigheanna ar féidir na huirlisí sin a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim.

## IAR-BHUNSCOILEANNA – PRÓIFÍLÍ

**Scoil:** **Castleisland Community College**
**Láthair:** Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí
**Príomhoide 2015:** Carmel Kelly Uas.
**Leas-Phríomhoide:** Theresa Lonergan Uas.
**Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** An tUas. Hugh O'Connell
**Sonraí Teagmhála:** **Teil: 066 7141196** **Ríomhphost:** info@castleislandcc.com
**Suíomh Gréasáin:** www.castleislandcc.ie
**Rolluithe 2014/2015:** **257 ndalta**
**Rolluithe 2015/2016:** **260 dalta**

**Teagasc agus Foghlaim: Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- Tugadh Cleachtas Comhoibríoch Comhroinnte (breathnóireacht piaraí) isteach. Ghlac roinnt múinteoirí páirt sa phróiseas. Tá súil againn go bhforbróimid an cleachtas sin tuilleadh sna blianta atá le teacht. Cuireadh beartas agus foireann Teagaisc agus Foghlama i bhfeidhm.

- Rinneadh Pleananna Feabhais Scoile um Litearthacht agus Uimhearthacht a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme.
- Cuireadh Office 365 agus VSware i bhfeidhm ar fud na scoile.
- Suiteáladh 24 ríomhaire nua sa seomra Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide.
- Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile ar Bhainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim in Castleisland Community College i mí Aibreáin 2015. Ba iad seo a leanas na príomhfhionnachtana:
    - "Tá caighdeán foriomlán an teagaisc agus na foghlama an-mhaith. Breathnaíodh roinnt cleachtais a bhí sármhaith agus eiseamláireach.
    - Díríonn an Fhoireann Ardbhainistíochta go mór ar fheabhas scoile agus tá dúspéis aici i dteagasc agus foghlaim agus i sármhaitheas i gcleachtais seomra ranga a éascú.
    - Thaispeáin na múinteoirí umhlaíocht agus iad ag labhairt le daltaí. Tagann sé sin leis na hardleibhéil daonnachta agus chúraim a chabhraíonn le Castleisland Community College seasamh amach i réimse an teagaisc agus na foghlama."

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

- Thaibhigh cór na scoile agus an grúpa ceoil thraidisiúnta ag Aifreann lucht na 1ú bhliana, ag an oíche oscailte, ag deireadh seachtaine fiontar Oileán Ciarraí, ag Aifreann Fágála Scoile lucht an 6ú bliain agus ag a lán imeachtaí eile. Bhí an cór agus an grúpa ceoil comhdhéanta de dhaltaí ó gach bliainghrúpa.
- Bronnadh Teastas Cóirthrádála agus Bratach Ghlas athchúrsála ar an scoil.

**Spórt agus Sláinte**

- Ghlac daltaí Idirbhliana páirt i gceachtanna snámha in Coral Leisure, Cill Airne. Chomh maith leis sin, ghlac siad páirt i mblitzchomórtas rugbaí leaiste i dTrá Lí, i gcleachtadh neartaithe foirniúlachta i Neidín agus i gcleachtadh dornálaíochta le club dornálaíochta Shliabh Luachra.
- Ghlac daltaí 1ú bhliana páirt in imeacht idirscoile Treodóireachta.
- Ghlac daltaí 2ú bliain páirt i dtasc a bhí dírithe go mór ar an lúthchleasaíocht.
- Ghlac daltaí 3ú bliain páirt i mblitzchomórtas Spikeball i dTrá Lí.
- Chuaigh dhá fhoireann in iomaíocht i gcomórtas badmantain Chiarraí do bhuachaillí. Fuair siad an dara háit agus an tríú háit.

**Éachtaí Idirbhliana**

Bhí 27 ndalta rollaithe sa chlár Idirbhliana sa scoilbhliain 2014/15. Áiríodh iad seo le roinnt gnéithe nua den chlár sa bhliain:

- Turas scoile chun na hIodáile. Thug daltaí cuairt ar Lake Garda, ar Milano agus ar an Veinéis.
- Léann Síneach le múinteoir ó Ollscoil Shang-hai le haghaidh rang dúbailte gach seachtain.
- Thaistil siad chuig Ionad Eachtraíochta Eclipse le haghaidh lá cothaithe dlúthchaidrimh agus neartaithe foirniúlachta.
- Chuaigh siad suas Sliabh Thoirc agus Lúb Ghleann na Ginnte.
- Ceardlanna drámaíochta ar chuir Comhairle Contae Chiarraí iad ar fáil.
- Chuaigh siad ar eachtra Gaisce inar shiúil siad an Gleann Dubh agus inar fhan siad thar oíche in Óstán an Ghleanna Dhuibh.
- Ceardlann beochana in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- Chuaigh siad in iomaíocht i lear comórtas, lenar áiríodh Junk Kouture, Dea-Smaoineamh Amháin, Nuálaithe Sóisialta Óga agus an Comórtas Fiontar Contae, i measc nithe eile.

**Comhairle na nDaltaí**

Tionóladh Comhairle na nDaltaí an athuair i mbliana agus bhí ríméad orainn fáilte a chur roimh bheirt daltaí nua 1ú bhliana chuig Comhairle na nDaltaí inár scoil. Tá an t-ádh orainn gur i bhfeidhm dár gcuid daltaí atá gach saoráid a theastaíonn, lena n-áirítear fuaráin uisce, racaí rothar, cláir fógraí agus ceaintín sláintiúil sármhaith. Dhíríomar i mbliana ar fheasacht meabhairshláinte a mhéadú inár scoil.

- Dhearamar leabhrán do dhaltaí atá ag teacht isteach sa 1ú bhliain. Is é "Finding your feet in

Castleisland CC" teideal an leabhráin. Is é aidhm an leabhráin seo eolas a ghnóthú ar ár ndaltaí 1ú bhliana de réir mar a thosaíonn siad a n-aistear inár scoil.

- Le treoir ó Jigsaw Kerry agus le maoiniú ó Chomhairle na dTuismitheoirí, chuireamar ár gcúinne meabhairshláinte féin ar bun sa scoil. Osclaíodh go hoifigiúil í sa bhliain 2016.

**Comhairle na dTuismitheoirí**

- Tá Comhairle Tuismitheoirí an-ghníomhach ag an Scoil. Oibríonn an Chomhairle linn chun feabhas a chur ar na saoráidí atá ar fáil do dhaltaí. Tagann an Chomhairle le chéile uair amháin sa mhí agus tiomsaíonn sí airgead le haghaidh tionscnaimh éagsúla.

**Tréadchúram**

Tagann an Fhoireann Tréadchúraim le chéile uair amháin sa tseachtain.

- Rinneadh moladh go gcuirfí struchtúr tacaíochta i bhfeidhm le haghaidh daltaí a aistríonn chuig an scoil.

**Tionscnaimh frithbhulaíochta**:

- Láithreoireacht Scoile Uile Powerpoint in aghaidh Bulaíochta.
- Tugadh "Cairde ar feadh an tSaoil" isteach do na daltaí 1ú bhliana a bhí ag teacht isteach sa scoilbhliain 2015/16. Táthar ag leanúint leis an gclár do dhaltaí 2ú bliain.

**Meabhairshláinte**:

- Jigsaw - Clár Scoileanna um Fholláine Meabhrach Ógra; tugann oibrí don ógra cuairt ar an scoil uair amháin sa tseachtain chun bualadh le daltaí.
- Chuir daltaí 5ú bliain a bhí ag gabháil do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) tús lena dtionscnamh Bailithe Bonn Copair do Jigsaw.
- Chuir dalta Idirbhliana Leabhrán Meabhairshláinte le chéile.
- Nuálaíocht Shóisialta na Nuálaithe Sóisialta Óga: Feasacht ar an Tionscnamh um Chiseáin Bhronntanas ar son Ailse Chíche.

**Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG):**

- Thug Seirbhís Comhairleoireachta an Iardheiscirt láithreoireacht agus ceardlann do thuismitheoirí daltaí 1ú bhliana agus 2ú bliain.
- D'fhreastail beirt mhúinteoirí ar chlár oiliúna dhá lá a reáchtáil Foróige. Ba é "Real You" teideal an chláir.
- Chláraigh an scoil don tionscnamh um scoileanna a chuireann an tsláinte chun cinn.
- D'ullmhaigh daltaí OSPS sa 3ú bliain físeán "Pale Blue Dot" don chomórtas Live Life.
- Líonraí le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí: Leanann gnóthais áitiúla ar aghaidh ag cur deiseanna taithí oibre ar fáil do dhaltaí Idirbhliana agus do dhaltaí GCAT.

| | |
|---|---|
| **Scoil:** | **Causeway Comprehensive School** |
| **Láthair:** | An Tóchar, Co. Chiarraí |
| **Príomhoide 2014/15:** | Lucille O'Sullivan Uas. |
| **Príomhoide 2015/16:** | An tUas. Cathal Fitzgerald |
| **Leas-Phríomhoide:** | Anne Marie Hassett Uas. |
| **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** | John Brassil/Aoife Thornton |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil.:** 066 7131197 **Ríomhphost:** admin@causewaycs.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.causewaycs.ie |
| **Rolluithe 2014/2015:** | 579 ndalta |
| **Rolluithe 2015/2016:** | 560 dalta |

**Teagasc agus Foghlaim:**

- Lean an scoil le páirt a ghlacadh i gCeannaireacht Theagascach leis an Ollamh Barrie Bennett.
- Lá Foghlama Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí - d'oibrigh an fhoireann le SFGM, a thaispeáin modheolaíochtaí éagsúla le haghaidh an tsamhail Ceannaireachta Teagascaí a chur chun feidhme.
- Cuireadh tús le hoiliúint Scoile Uile in Office 365 i mí an Mheithimh.
- Ghlac an lucht bainistíochta páirt i bpleanáil JCT (An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí) agus chuir an Roinn Béarla tús le hoiliúint inseirbhíse in JCT i mí na Samhna 2015.
- Chuir an scoil tús le páirt a ghlacadh in Khan Academy.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- Le cabhair ó SFGM, chuir an scoil tús lena cur chuige i leith na huimhearthachta. I mí na Bealtaine 2015, d'fhoilsigh sí a Plean Feabhais Scoile ar an uimhearthacht agus thosaigh sí ag pleanáil don chéad snáithe eile d'Fhéinmheastóireacht Scoile, rud a bheadh bunaithe ar thinreamh.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

- Lean cór na scoile le páirt a ghlacadh i ngach imeacht liotúirgeach.
- Leanann an club leabhar, club XBox agus an club cluichí cláir le teacht le chéile ag am lóin.

**Spórt agus Sláinte**
**TUARASCÁIL CORPOIDEACHAIS 2015-2016**

- Cuireadh plean mionsonraithe éifeachtach le chéile le haghaidh na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí. Díríodh go mór ar an obair sin sa bhliain, rud a réitigh an bealach le haghaidh dul chun cinn sa todhchaí.
- Chuaigh an Roinn Corpoideachais i mbun comhair leis an Roinn Ceoil chun 'Spiorad na hIománaíochta' a thaibhiú. Is píosa damhsa agus gluaiseachta é a ndearnadh cóiréagrafaíocht air do na 26 dhalta a thaibhigh é. Thaibhigh siad é roinnt uaireanta sa bhliain.
- Bhuaigh dalta amháin an Gradam U Move as an eispéireas corpoideachais. Bronnadh iPad ar an dalta sin mar dhuais.

**Éachtaí Idirbhliana**

- Reáchtáladh dráma na hIdirbhliana an athuair i mí Eanáir. Thaibhigh na daltaí "Many Young Men of Twenty".
- Faoi mhaoirseacht ag a múinteoir TFC, chuir na daltaí oiliúint 121 Digital ar bhaill den phobal áitiúil. D'éirigh go geal léi.

**Comhairle na nDaltaí**

- D'fhreastail an Príomhoide ar na cruinnithe go léir. Cuireadh Coiste Scoile Glaise nua ar bun. Tá sé comhdhéanta de bhaill de Chomhairle na nDaltaí agus de dhaltaí Idirbhliana. Tá páirt ghníomhach á glacadh acu in iarratas a dhéanamh ar an mBratach Ghlas agus ina gnóthú don scoil. Is é cúram sonrach an Choiste faireachán a dhéanamh ar an dramhaíl atá á táirgeadh ag an scoil agus beartas athchúrsála a dhréachtú.

**Tréadchúram**

- Tagann ár bhFoireann Tacaíochta Daltaí le chéile gach seachtain chun daltaí a mheasúnú agus chun idirghabhálacha agus atreoruithe atá cuí a chur ar fáil dóibh.
- Cuireadh Bord Sábháilteachta Pearsanta ar bun i mí Dheireadh Fómhair. Tá sé comhdhéanta de mhúinteoirí a thugann a gcuid ama go deonach chun saincheisteanna bulaíochta a imscrúdú agus a réiteach.
- Cuireadh Seachtain Folláine agus Seachtain Frithbhulaíochta ar siúl.

- Cuireadh cláir agus ceardlanna ar siúl maidir le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG).
- Reáchtáiltear liotúirgí don fhoireann agus do dhaltaí gach bliain. Reáchtáladh clár meantóireachta inar ghníomhaigh daltaí Idirbhliana mar mheantóirí do dhaltaí a bhí ag teacht isteach sa 1ú bhliain.
- Tá cleachtas aisiríoch agus prionsabail an cheartais nádúrtha mar bhonn agus thaca ag na hidirghníomhartha a dhéantar i dTréadchúram.

**Gairmthreoir**

- Cuireadh an Plean Treorach Scoile i gcrích sa bhliain 2015.
- UCC Plus: Bhain an scoil leas as teagasc breise 70 uair.
- D'fhreastail daltaí ar na Ranganna Máistreachta Dul Siar i mBitheolaíocht, i gCeimic agus i bhFisic. Cuireadh ar siúl iad i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Rinne an scoil iarratas ar scoláireacht Gaeltachta ab fhiú €1,000. D'éirigh léi í a fháil.
- Thug pearsana ó Chlár UCC Plus láithreoireachtaí sa scoil ar HEAR agus DARE.
- Pathfinders - D'fhreastail 12 dhalta 5ú bliain agus 10 daltaí Ardteistiméireachta ar ranganna blaiste lae in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí mar chuid de Chlár Pathfinders.
- Laethanta oscailte Iar-Ardteistiméireachta - D'fhreastail daltaí ar laethanta oscailte Iar-Ardteistiméireachta i gColáiste Breisoideachais Chiarraí agus i gColáiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh. Chomh maith leis sin, d'fhreastail roinnt díobh ar na laethanta oscailte i Scoil Stiofán Naofa agus sa Choláiste Tráchtála i gCorcaigh. Thug na coláistí sin láithreoireachtaí freisin.
- Imeachtaí Gairme - D'fhreastail daltaí ar na laethanta oscailte sna hinstitiúidí seo: Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; Ollscoil Luimnigh; Coláiste Mhuire Gan Smál; Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh; Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí; agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Chomh maith leis sin, d'fhreastail siad ar an Aonach Gairmeacha in Óstán Malton i gCill Airne ar eagraigh Institiúid Treoirchomhairleoirí Chiarraí é. D'fhreastail siad ar na laethanta oscailte i gColáiste Talmhaíochta Phailís Chaonraí agus i gColáiste Talmhaíochta Chloich na Coillte freisin. D'fhreastail siad ar Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Rinneadh láithreoireachtaí ó na coláistí breisoideachais sin a éascú agus a sholáthar sa scoil.
- Socruithe Idirbhliana le Bunscoileanna Áitiúla - thug múinteoirí cuairt ar na bunscoileanna áitiúla. Iarradh ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí freastal ar oíche oscailte sa scoil. Rinneadh Trialacha Dhroim Conrach a riar agus a chomhthiomsú. Fuarthas cabhair ón gclár meantóireachta.
- Reáchtáil an scoil lá oscailte i mí Dheireadh Fómhair chun an scoil a chur chun cinn agus chun teagmháil a dhéanamh le daltaí a d'fhéadfadh a bheith ag teacht isteach sa 1ú bhliain agus lena dtuismitheoirí.

| | |
|---|---|
| **Scoil:** | **Coláiste Gleann Lí** |
| **Láthair:** | An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Príomhoide:** | An tUas. Brian Harkin |
| **Leas-Phríomhoide:** | An tUas. Richard Lawlor |
| **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** | An Comh. Terry O'Brien |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil:** 066 7122552 |
| **Ríomhphost:** | office@gleannli.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.gleannlie.ie |
| **Rolluithe 2014/2015:** | 119 ndalta |
| **Rolluithe 2015/2016:** | 125 dhalta |

**Teagasc agus Foghlaim:**

- I mí na Bealtaine 2015, foilsíodh na fionnachtana ó Chigireacht Ábhair ar Fhraincis a rinneadh i mí na Samhna 2014. Tugadh an t-aiseolas seo a leanas:

  "Bhí cáilíocht an teagaisc thar barr sna ceachtanna a breathnaíodh.

Bhí dea-struchtúr agus dea-luas ag gabháil le ceachtanna agus tugadh lear deiseanna rannpháirtíochta agus rannpháirteachais do dhaltaí lena linn.
Is an-mhaith atá an soláthar do Fhraincis. Is cuí atá an leithdháileadh clár ama, na hacmhainní agus an tacaíocht a thugtar d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí.
Mar chuid de straitéis litearthachta na scoile, forbraíodh bealaí nuálacha chun na daltaí a spreagadh dul i mbun léitheoireachta."

- Reáchtáladh an tSeachtain Feasachta Meabhairshláinte 'Mind Your Mind' sa tseachtain dar tosach an 8 Nollaig. Cuireadh sraith imeachtaí ar siúl chun dea-shláinte meabhrach a chur chun cinn.
- Rinneadh bréagagallaimh ar dhaltaí 5ú bliain leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara in Óstán Meadowlands an 5 Feabhra 2015. Reáchtáladh iad i gcomhar leis an gClár um Scileanna ag an Obair.
- Tugadh cuireadh do dhaltaí a bhí ag teacht isteach sa 1ú bhliain freastal ar Thráthnóna Eispéiris Choláiste Gleann Lí an 27 Feabhra.
- Soláthraíodh an chéad cheardlann de shraith ceardlann ar ríomhchlárú agus códú do dhaltaí 5ú bliain an 26 Feabhra. Ba é Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a sholáthair í. B'ionann an seisiún agus tús chúrsa Códaithe agus Ríomhchláraithe Arduino de chuid Choláiste Gleann Lí. Is é aidhm an chúrsa ár ndaltaí a ullmhú le haghaidh staidéar tríú leibhéal agus le haghaidh obair sa tionscal STEM.
- Thug aoichainteoir óráid do dhaltaí 1ú bhliana agus daltaí 2ú bliain an 6 Márta faoi Sheachtain Náisiúnta na gCrann.
- Cuireadh feabhas ar Straitéis Feabhsaithe Uimhearthachta Choláiste Gleann Lí nuair a cuireadh tús le seisiúin Mhatamaitice Beirte do dhaltaí 1ú bhliana an 11 Márta.
- Thosaigh 'Club na Gaeilge' arís an 12 Márta le haghaidh Sheachtain na Gaeilge. Reáchtáil Iníon Ní Leamhna é. Beidh an club ar siúl gach Déardaoin go dtí deireadh na bliana. Fáilte roimh chách!
- I gcomhar leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara, rinne Coláiste Gleann Lí óstáil ar lá eispéireasach foghlama an 19 Márta 2015. Tugadh daltaí 5ú bliana ar thuras chun breathnú ar obair an Údaráis um Chosaint Iascaigh Mhara dóibh féin.
- Imeacht a thug spreagadh agus misneach do gach duine a bhí páirteach ann ba ea an Fhéinmheastóireacht Fócasghrúpa do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don fhoireann teagaisc a bhí ar siúl an 23 Aibreán.
- Cheiliúir an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus daltaí 5ú bliain i gColáiste Gleann Lí comóradh bliana thús an chaidrimh eatarthu mar chuid den Tionscnamh um Ghnó sa Phobal. Thug na daltaí láithreoireacht do na heagraithe. D'úsáid siad TFC lena linn. Taifeadadh foghlaim na ndaltaí sa láithreoireacht ar mhaithe le haird na foirne agus na gComhaltaí Boird ón Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara agus ón Tionscnamh um Ghnó sa Phobal. Bronnadh teastais ar na daltaí. Anuas air sin, moladh go mór iad as an ngairmiúlacht agus an díograis a thaispeáin siad ar fud an chláir ghnó.
- An Lá Ilchineálachta, an 14 Bealtaine 2015. Bhí 'Rannpháirtíocht na Leanaí Imirceacha sa Spórt' ar cheann de na topaicí a pléadh. Chomh maith leis sin, léiríodh scannán ar 'cuimsiú agus ilchineálacht'.
- Labhair ionadaí ó Shiondróm Downs Éireann leis an bhfoireann ar feadh dhá uair an 17 Meán Fómhair. Phléigh an t-ionadaí comhtháthú, difreáil agus ionchas oideachais na ndaltaí a bhfuil riachtanais oideachais acu, go háirithe daltaí a bhfuil siondróm Downs orthu.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- Tugadh Straitéisí Teagascacha isteach.
- Smaoinigh, Péireáil, Comhroinn.
- Comhroinnt Cuspóirí Foghlama.
- Cur chuige scoile uile i leith na litearthachta/na huimhearthachta.
- Rannpháirtíocht i léitheoireacht a fheabhsú trí 10 nóiméad d'am léitheoireachta a thabhairt isteach in aghaidh an ábhair gach seachtain.
- Tionscnamh 'leabhar sa mhála' le haghaidh am staidéir agus am saor ócáideach.
- Ábhar léitheoireachta atá sonrach don ábhar sa seomra ranga le haghaidh tuilleadh léitheoireachta.

- Clubanna obair baile/staidéir. Seisiúin obair baile faoi mhaoirseacht ar feadh dhá uair sa tseachtain.
- Eochairfhocail atá le húsáid i ngach ábhar chun an stór focal a fheabhsú.

Tugadh an plean DEIS don tréimhse 2015-2018 chun críche. Cuireadh an ghné Uimhearthachta den Phlean Feabhais Scoile i gcrích freisin. Fuair baill foirne oiliúint sna gnéithe éagsúla de thabhairt isteach na huimhearthachta i ngach réimse ábhair.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

- Cuireadh tús le Cúrsa Scannánaíochta do dhaltaí 2ú bliain agus do dhaltaí 5ú bliain an 16 Eanáir 2015.
- Ceiliúradh Lá Domhanda na Leabhar i gColáiste Gleann Lí an 5 Márta. Cuireadh an Tionscadal Déanta Leabhar a reáchtáil lucht an 2ú bliain ar taispeáint freisin.
- Leanadh le 'Clár Nasc Tionscail' Choláiste Gleann Lí an 12 Márta nuair a thug daltaí 5ú bliain cuairt ar chuideachta ilnáisiúnta áitiúil. Tá Coláiste Gleann Lí tiomanta do dheiseanna oideachasúla fiúntacha a chruthú leis an lucht tionscail áitiúil.
- An 25 Márta, ghlac daltaí Béarla sa 1ú bhliain páirt i gceacht idirghníomhach i smaointeoireacht chruthaitheach, agus struchtúr The Late Late Show á leanúint acu. Chun déanamh amhlaidh, bhí ar na daltaí freagraí a thabhairt lom láithreach agus teicnící éifeachtacha agallaimh a chruthú.

**Spórt agus Sláinte**

- Thosaigh Seachtain na Scoileanna Gníomhacha Dé Luain an 18 Bealtaine. Iarradh ar dhaltaí teacht chun na scoile agus culaith reatha orthu agus páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí pleanáilte go léir. Cuid dár bhfeachtas le haghaidh bratach na scoileanna gníomhacha a ghnóthú is ea an tionscnamh sin.
- Ghlac daltaí 2ú bliain páirt in imeachtaí raoin agus faiche ar Lá Lúthchleasaíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, rud a chuirtear ar siúl gach bliain.

**Comhairle na nDaltaí**

- Bhí Comhairle na nDaltaí don bhliain 2015 comhdhéanta d'ionadaithe ó gach bliainghrúpa. Tháinig sí le chéile uair amháin sa mhí.

**Comhairle na dTuismitheoirí**

- Cuireadh cruinniú ceann bliana Chomhairle na dTuismitheoirí ar siúl Déardaoin an 1 Deireadh Fómhair 2015. Toghadh na comhaltaí den choiste don scoilbhliain 2015/2016.

**Gairmthreoir**

- UCC Plus: Soláthraíodh uaireanta breise teagaisc i mBéarla agus i Matamaitic.
- Ghlac deichniúr daltaí páirt i gclár Pathfinders agus chuaigh siad i mbun naisc le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.
- D'fhreastail daltaí 5ú bliain agus daltaí 6ú bliain ar an Lá Oscailte Iar-Ardteistiméireachta.
- Tugadh cuairteanna cur chun cinn ar bhunscoileanna sa scoilcheantar chun an líon daltaí a bheadh ar an rolla sa chéad bhliain a mhéadú.

| | |
|---|---|
| **Scoil:** | **Coláiste na Ríochta** |
| **Láthair:** | Lios Tuathail, Co. Chiarraí. |
| **Príomhoide 2014/15:** | An tUas. Cathal Fitzgerald |
| **Príomhoide 2015/16:** | An tUas. Stephen Goulding |
| **Leas-Phríomhoide 2014/15:** | An tUas. Stephen Goulding |
| **Leas-Phríomhoide 2015/16:** | Eva Enright Uas. |
| **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** | An tUas. Dick Carmody |

**Sonraí Teagmhála:** **Teil.:** 068 2102 **Ríomhphost:** Principal@colaistenariochta.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.colaistenariochta.ie
**Rolluithe 2014/2015:** 65 dhalta
**Rolluithe 2015/2016:** 57 ndalta

**Nóta:** Coláiste Pobail Lios Tuathail roimhe sin. I mí Iúil 2015, cruthaíodh aitheantais áitiúla nua chun an soláthar Iar-bhunscoile agus an soláthar Iar-Ardteistiméireachta a scaradh óna chéile. Ba iad Coláiste na Ríochta, Iar-bhunscoil, agus Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh, Coláiste Iar-Ardteistiméireachta, na haitheantais nua.

**Teagasc agus Foghlaim:**

- Lean an scoil le páirt a ghlacadh i dTionscadal (Buíonteagaisc) APP ar fud na bliana 2015. Úsáidtear buíonteagasc i ngach rang Iar-bhunscoile i mBéarla, i Matamaitic agus i dTíreolaíocht. Chomh maith leis sin, ghlac an scoil páirt sa tionscadal scoile foghlama. Is cur chuige traschuraclaim i leith na hUimhearthachta i Matamaitic agus in Ealaín é.
- Athbhreithníodh beartas Litearthachta agus Uimhearthachta na scoile. Athraíodh an plean DEIS chun dáta agus cuireadh na moltaí ón meastóireacht a rinneadh ar an bplean DEIS sa bhliain 2014 i bhfeidhm.
- Sa bhliain 2015, fuarthas an tuarascáil ón gcigireacht ábhair ar Thíreolaíocht sa scoil. Tugadh tuarascáil dhearfach ó thaobh teagaisc agus foghlama agus buíonteagaisc de.
- Rinneadh Cigireacht Theagmhasach ar an scoil Dé hAoine an 11 Meán Fómhair. Luaigh an cigire gur sármhaith a bhí an teagasc agus an fhoghlaim a bhreathnaigh sé. Bhreathnaigh sé teagasc ar chaighdeán an-ard i ngach ceann de na ceachtanna ar fhreastail sé orthu. "Bhain na múinteoirí úsáid as modheolaíochtaí ilchineálacha agus bhí fianaise shoiléir ann ar úsáid na modheolaíochtaí sin agus ar thuiscint ar straitéisí teagascacha." Bhí áthas air nár bhreathnaigh sé teagasc traidisiúnta ón múinteoir agus go raibh rannpháirtíocht ghníomhach na ndaltaí ag teastáil i ngach ceacht.
- Mhol an Cigire obair ár gCúntóirí Riachtanas Speisialta freisin. Dúirt sé gur thug siad tacaíocht chuí agus chothromaithe ar bhonn aonair agus ar bhonn comhchoiteann araon. Mhol sé tionchar amhairc na seomraí freisin.
- Cuireadh foireann Teagaisc agus Foghlama ar bun i mí Mheán Fómhair 2015. Ba iad seo príomhchuspóirí na foirne: beartas a fhorbairt sa réimse; comhchleachtas comhoibríoch a fhorbairt; laethanta foghlama a phleanáil don fhoireann; agus cur leis an eolas a ghnóthaigh an fhoireann as freastal ar chlár oiliúna inseirbhíse Barrie Bennett i gCeatharlach.
- Thug an scoil clár Ardteistiméireachta Feidhmí isteach i mí Mheán Fómhair 2015. Bhí oiliúint shuntasach inseirbhíse don fhoireann mar bhonn agus thaca ag tabhairt isteach an chláir sin.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail.**

- Chuir an scoil an chéad dráma dá cuid ar an ardán i mí na Bealtaine. Chuaigh ár rang 2ú bliain ar an ardán chun "A First Confession" le Frank O'Connor a thaibhiú.
- D'fhreastail ár ngrúpa 5ú bliain ar chomórtas na bhFiontraithe Óga i mí an Mhárta 2015, áit ar chuir sé "Moo Shakes" i láthair na moltóirí.
- D'éirigh leis an scoil an Bhratach Ghlas a bhaint amach den chéad uair riamh sa bhliain 2015. D'ardaigh an tAire Jimmy Deenihan an bhratach i mí Mheán Fómhair 2015.
- Naisc leis an bPobal - Eagraíodh clár trasdula do bhunscoileanna áitiúla i mí Feabhra agus mí an Mhárta 2015. D'fhreastail daltaí ó na trí bhunscoil áitiúla ar an scoil thar thréimhse 5 seachtaine chun ábhair éagsúla a bhlaiseadh ag an dara leibhéal.
- Comhpháirtíocht Gnó na Scoileanna - Thug daltaí 5ú bliain cuairt ar ghléasra SSE i dTairbeart an 17 Samhain.

Chuir an scoil seachtainí téamaithe éagsúla ar siúl sna réimsí seo a leanas sa bhliain 2015: An tSeachtain Cairdis, an tSeachtain Frithbhulaíochta, an tSeachtain Eolaíochta, an tSeachtain Matamaitice agus an

tSeachtain um Chur Chun Cinn na Sláinte. Ba é a bhí i gceist leo sin gur phleanáil ranna ábhair agus Comhairle na nDaltaí roinnt mhaith imeachtaí agus gur tháinig cainteoirí ó eagraíochtaí éagsúla isteach chun labhairt le daltaí.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- Cuireadh Beartas Iontrála agus Rannpháirtíochta nua agus Cód Iompraíochta nua i dtoll a chéile.
- Ullmhaíodh doiciméad nua 'Bí Eolach ar do Scoil' don Bhord Bainistíochta nua i mí Aibreáin 2015.
- Cuireadh Pleanáil Roinne Ábhair ar siúl an 27 Lúnasa.
- Thug Jerry Jeffers cuairt ar an scoil an 26 Lúnasa 2015 le haghaidh oiliúna i bhfís na scoile leis an bhfoireann.
- Bhí cruinniú ag Síceolaithe de chuid an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais leis an lucht bainistíochta Dé Céadaoin an 30 Meán Fómhair. Pléadh pleanáil mar aon leis an mbeartas teagmhas criticiúil a athbhreithniú.
- Rinne an fhoireann athbhreithniú ar an mbeartas um OSPS. Cheadaigh an Bord Bainistíochta é.
- Rinne an fhoireann riachtanas speisialta oideachais athbhreithniú ar an mbeartas um riachtanais speisialta oideachais. Cheadaigh an Bord Bainistíochta é.
- Rinne an fhoireann athbhreithniú ar phleanáil litearthachta agus uimhearthachta Féinmheastóireacht Scoile.
- Cuireadh oiliúint in Office 365 ar an bhfoireann.
- Cuireadh Spáinnis, Eolaíocht Talmhaíochta agus Stair le clár na scoile don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach sa bhliain 2015.
- Cuireadh oiliúint inseirbhíse sa tSraith Shóisearach nua ar fáil don fhoireann ar fad i mí na Nollag 2015.

**Spórt agus Sláinte**

- Ba é Spórt agus Caitheamh Aimsire, an grúpa Iar-Ardteistiméireachta dár gcuid, a d'eagraigh an tSeachtain um Chur Chun Cinn na Sláinte, 2015. D'eagraigh sé seisiúin reathaíochta, siúlóidí, ranganna Zumba agus faisnéis agus taispeántais faoi bhia folláin do gach dalta sa scoil/coláiste.
- Ghlac an scoil páirt sna himeachtaí tascanna saibhre ar eagraigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí iad sa bhliain 2015. Bhuaigh daltaí Sraithe Sóisearaí boinn sna himeachtaí lúthchleasaíochta. Ghlac an scoil páirt in imeachtaí cispheile, Futsal agus peile Gaelaí freisin ag aoisghrúpaí éagsúla. Tar éis dul i ndáil chomhairle le Comhairle na nDaltaí, tugadh cispheil isteach mar spórt nua.

**Comhairle na nDaltaí**

- Rinne Comhairle na nDaltaí suirbhéanna ar thuairimí faoi cheaintín na scoile agus faoi thabhairt isteach na héide scoile nua. Chuathas i ndáil chomhairle leis an gComhairle faoi bheartais nua de chuid na scoile, lenar áiríodh an Cód Araíonachta agus an Beartas um na Meáin Shóisialta. Ghlac an Chomhairle páirt réamhghníomhach i dturais scoile agus sna gradaim dheiridh bhliana a reáchtáil.
- Chomh maith leis sin, ghlac an Chomhairle páirt iomlán i bhfóram daltaí Bhord Oideachais agus Oiliúna ar fud na bliana 2015.

**Comhairle na dTuismitheoirí**

- Tháinig méadú ar an líon comhaltaí a d'fhreastail ar chruinnithe de chuid Chomhairle na dTuismitheoirí sa bhliain 2015. Cuireadh sé chruinniú ar siúl sa bhliain 2015. Bhí baint réamhghníomhach ag an gComhairle leis an éide nua a thabhairt isteach. Bhí sí páirteach i ngach céim den phróiseas cinnteoireachta. Bhí baint ag tuismitheoirí le gach forbairt beartais sa bhliain 2015. Áiríodh leo sin an Cód Iompraíochta, an Beartas Iontrála agus Rannpháirtíochta, an Beartas um Riachtanais Speisialta Oideachais, an Beartas Teagmhas Criticiúil, an Beartas um OSPS agus an Beartas um na Meáin Shóisialta.

**Tréadchúram**

- Beidh an Teagmhálaí Baile, Scoile agus Pobail a ceapadh do mhí Mheán Fómhair 2015 á chomhroinnt ag Gaelscoil Lios Tuathail agus Coláiste na Ríochta.
- An Ceaintín agus Scéim na mBéilí Scoile - Tá an-tóir i measc daltaí ar an gceaintín nua. Dámhadh cistiú don scoil le haghaidh club bricfeasta agus club lóin a chur ar bun do 32 dhalta.
- Seirbhís comhairleoireachta: Tá an scoil ag obair go dlúth leis an scoil críochnaithe scoile chun meantóireacht agus tacaíocht ar an láithreán a chur ar fáil do dhaltaí. Fuarthas rochtain ar sheirbhísí comhairleoireachta do dhaltaí tríd an tseirbhís seo agus trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí sa bhliain 2015.
- Ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith, tá rochtain ag an scoil ar threoirchomhairleoir lánaimseartha chun tacaíocht a thabhairt do gach dalta.
- Tá an Clár Meantóireachta Pobail Oibrithe Deonacha ar fáil do dhaltaí. Reáchtáiltear é trí Sheirbhís Óige Dheoise Chiarraí. Is tacaíocht ríluachamhar í sin do dhaltaí agus bhí sí ar siúl ar fud na bliana 2015.
- Tá Foireann Tacaíochta Daltaí ag an scoil. Tagann sí le chéile gach seachtain agus oibríonn sí i gcomhar le gníomhaireachtaí seachtracha amhail CAHMS, TUSLA agus EWO, nuair is gá.
- Labhair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) le daltaí sraithe sinsearaí faoi Chaidreamh agus Gnéasacht i mí an Mhárta 2015.

**Gairmthreoir**

- **Gradaim UCC+:** Bhronn Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, boinn ar dhaltaí 3ú bliain agus tugadh cuireadh dóibh freastal ar shearmanas bronnta san Ollscoil.
- **An Clár Scileanna Staidéir, an 10 Samhain 2015:** Ghlac gach grúpa ranga páirt sa chlár seo. Sholáthair Exam Success Skills é.
- **Clár Pathfinders, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí:** Ghlac daltaí 5ú bliain agus daltaí 6ú bliain páirt sa Chlár Pathfinders in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Is clár rochtana Dara Leibhéal é sin atá ag dul chun tairbhe dár ndaltaí.

**Éachtaí Eile**

- Faoi Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh (CSTS), ghlac daltaí páirt sa Seó Bóthair Ainmhithe, sa Tionscnamh Scannáin agus sa Tionscnamh Ceoil idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2015.
- Rinne an scoil iarratas ar sheacht dtionscnamh faoi Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh i mí Mheán Fómhair 2015. Deonaíodh cistiú is fiú €3,168 don scoil chun tacú leis an obair sin.
  Áirítear cistiú le haghaidh na nithe seo leis sin: Ceiliúradh Nollag do dhaltaí CSTS; Damhsa; Ceol; Eacnamaíocht Bhaile; Turas Allamuigh; Corpoideachas; agus €3,150 le haghaidh cúinne léitheoireachta a fhorbairt.
- Faoi stiúir ag ár Múinteoir Gaeilge, dámhadh €1,000 don scoil faoi chlár Gaeltachta UCC+.
- Deontas Roinne do Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide: Le linn an tsamhraidh, fuair an scoil deontas chun tacú le Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide don Ardteistiméireacht sa scoil. Baineadh úsáid as an deontas sin chun trealamh TF agus pacáiste teagaisc bhogearraí a cheannach. Chomh maith leis sin, ceannaíodh trealamh líníochta agus rinneadh na hoibreacha leictreacha a bhí riachtanach don seomra.
- Rinneadh oibreacha suntasacha sa bhliain 2015 ar urláir a athchóiriú agus na ballaí a phéinteáil. Athchóiríodh na hurláir go léir thuas staighre agus thíos staighre sa bhliain 2015.

| | | |
|---|---|---|
| **Scoil:** | **Coláiste na Sceilge** | |
| **Láthair:** | Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí | |
| **Príomhoide:** | An tUas. John O'Connor | |
| **Leas-Phríomhoide:** | Ann Marie Killen Uas. | |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil:** 066 9473335 | **Ríomhphost:** info@colaistenasceilge.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.colaistenasceilge.ie | |
| **Rolluithe 2014/2015:** | Daltaí Príomhshrutha: 477 ndalta<br>Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta: 20 mac léinn | |
| **Rolluithe 2015/2016:** | Daltaí Príomhshrutha: 486<br>Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta: 31 | |

**Teagasc agus Foghlaim:**

- Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí oiliúint inseirbhíse ar fáil do Leas-Phríomhoidí.
- Cuireadh oiliúint éachtach ar mhúinteoirí TFC.
- Cuireadh oiliúint in MS Office 365 ar gach ball foirne i mBord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.
- Chuir Droichead oiliúint ar fáil don Phríomhoide agus don Leas-Phríomhoide.
- Cuireadh forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil don Chomhordaitheoir Idirbhliana.
- D'fhreastail na múinteoirí ar an oiliúint seo a leanas: Ceannaireacht Theagascach, oiliúint Khan Academy, seimineár ar Mhíchumas Foghlama Meánach, oiliúint inseirbhíse Solidworks.
- Reáchtáladh Lá Oiliúna in MS Office 365 leis an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta.
- Buadh Tasc Saibhir Treodóireachta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.
- Glacadh páirt in Oilimpiad Eolaíochta na hÉireann.
- Roghnaíodh daltaí le haghaidh chomórtas na nEolaithe Óga de chuid BT.
- Chuaigh daltaí 6ú bliain ar thuras allamuigh Tíreolaíochta.
- Labhair Innealtóireacht Éireann le daltaí.
- Eagraíodh imeachtaí éagsúla le haghaidh Sheachtain na hEolaíochta.
- Buadh comórtas náisiúnta lámhscríbhneoireachta An Post.
- Buadh comórtas náisiúnta scríbhneoireachta aiste Ollscoil Luimnigh.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- Tugadh tús eolais ar VSware do gach ball foirne, do Chinn Bhliana agus do bhaill foirne riaracháin.
- Rinneadh athbhreithniú eatramhach ar Spriocanna Litearthachta.
- Rinneadh Cigireacht Ábhair ar Fhraincis, rud ar éirigh go geal leis.
- Tá obair ar bun leis an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta ar Bhainistíocht Iompraíochta Dearfaí.
- Cuireadh oiliúint ar an mBord Bainistíochta.
- Cuireadh oiliúint ar thriúr múinteoirí chun úsáid Microsoft Office 365 a threorú sa scoil.
- D'fhreastail an Príomhoide agus an Príomhfheidhmeannach ar chruinniú in Oifigí na Roinne maidir le moltaí don Phlean Náisiúnta Gaeilge don Ghaeltacht.
- Athchóiríodh Class Bríd.
- Chuathas i mbun oibre leis an Institiúid gan Teorainneacha.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

- Cuireadh King Lear ar an ardán i Lios Tuathail.
- Cumadóir Cónaitheach.
- Tugadh cuairt Ealaíne agus Staire ar Bhaile Átha Cliath.
- Tá pleananna ag an gcór sóisearach, sinsearach agus foirne albam a eisiúint.
- Chan an cór os comhair daoine ar scor agus othair ospidéil agus eagraíodh imeacht tiomsaithe airgid don ospidéal.
- Ceachtanna giotáir agus druma tar éis na scoile.

- Turas scoile chuig Dúiche na Réine.
- Malairt daltaí le Uden san Ísiltír.
- Oíche gradam daltaí.
- Caint ar an Spéir Dhorcha - Sky Power - cuireadh obair ealaíne na ndaltaí ar taispeáint i bPláinéadlann Chaisleán na Dúcharraige.
- Ghlac daltaí 3ú bliain páirt sa Quiz Gnó, Corcaigh.
- Filíocht os Ard - shroich beirt daltaí an babhta leathcheannais agus shroich dalta amháin an babhta ceannais.
- D'eagraigh rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta imeacht tiomsaithe airgid d'Iontaobhas Oilithreachta na hÉireann.

**Spórt agus Sláinte**

- Bhuaigh dalta imeacht caithimh dheiridh na sinsear do bhuachaillí. Bhain sé curiarracht uile-Éireann nua amach ag Craobh Raoin agus Faiche Scoileanna Mumhan agus cháiligh sé don chomórtas Uile-Éireann, a bhí ar siúl i mí na Bealtaine.
- Rás 800 m na mionúr do chailíní - fuarthas an 4ú háit.
- Lúthchleasaíocht Choláistí Chiarraí - fuarthas an 2ú háit i rás 800 m na mionúr do chailíní, fuarthas an 3ú háit i rás 300 m na sinsear do chailíní, fuarthas an 2ú háit i rás na sinsear do bhuachaillí.
- Comórtas Uile-Éireann Ollscoil Luimnigh - buadh 3 bhonn.
- Fuair na buachaillí an dara háit sa chomórtas sinsear peile.
- Bhuaigh na cailíní 1ú bhliana an Blitzchomórtas Contae.
- Cispheil - Buachaillí/Cailíní - sroicheadh na cluichí cáilithe don chomórtas uile-Éireann.
- Labhair rámhaí Éireannach a théann in iomaíocht don tír le lucht an 6ú bliain. Ba é spreagadh an t-ábhar a phléigh sé.
- Chuir FSS oiliúint ar mhúinteoirí in úsáid Insteallairí Eipineifrín/Boccolam.
- Chuir SFGM oiliúint inseirbhíse i gcosaint leanaí ar fáil do gach ball foirne.

**Éachtaí Idirbhliana**

- Rinneadh obair dheonach le Skelligs Stars.
- D'éirigh le daltaí an babhta ceannais de Dhea-Smaoineamh Amháin arna reáchtáil ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a shroicheadh.
- An comórtas do phríomhchócaire sinsearach - fuarthas an 2ú háit.
- Ceoldráma Les Miserables - bhí an-tóir air i measc an phobail.
- Rinneadh sruthú beo ar an Searmanas Bronnta Idirbhliana.

**Comhairle na nDaltaí**

- Chabhraigh Comhairle na nDaltaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar roinnt beartais scoile. D'eagraigh sí roinnt imeachtaí freisin, lenar áiríodh raidió scoile DJ, Lá Tiomsaithe Airgid inar chuir daltaí Geansaithe Nollag orthu, agus Margadh Nollag.

**Comhairle na dTuismitheoirí**

- Tá Comhairle Tuismitheoirí den chéad scoth ag an scoil. D'fhreastail comhaltaí na Comhairle ar Fhóram Tuismitheoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus ar chruinnithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta. Chomh maith leis sin, d'athbhreithnigh siad beartais agus reáchtáil siad cruinnithe rialta. Reáchtáil siad imeachtaí tiomsaithe airgid don scoil gach bliain agus chabhraigh siad le cóitseáil agus le turais.

**Tréadchúram**

- D'fhreastail Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí ar chruinnithe cúraim gach mí.
- Déanann Cinn Bhliana sochghraim mar chuid dár mbeartas frithbhulaíochta.
- Chuathas i dteagmháil le tuismitheoirí maidir le haip meán sóisialta Yik Yak.
- Oiliúint Why Try.

- Oiliúint Cairde.
- An clár meantóireachta do lucht na 1ú bhliana - Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí.
- Tionscadail de chuid na hÓige ar son an Cheartais agus aoichainteoirí.
- Cuireadh ranganna Matamaitice Breise ar fáil do dhaltaí.
- Daltaí bunscoile atá ag teacht isteach - glacann siad páirt i gclár trasdula lena n-áirítear laethanta blaiste agus cuairteanna ar an scoil.

**Éachtaí Eile**

- Cuireadh Fleadh Cheoil Chiarraí ar siúl i gColáiste na Sceilge.
- D'oibrigh an Institiúid gan Teorainneacha leis an scoil maidir le forbairt Uíbh Ráthach.
- Óstach Sky Power.
- Clár Ambasadóra Duine le Duine.
- Gradaim Éachta an Gharda Síochána.
- Gnóthaíodh an 3ú Bratach Ghlas - Caomhnú uisce.

| | |
|---|---|
| **Scoil:** | **Gaelcholáiste Chiarraí** |
| **Seoladh:** | Tobar Mhaigh Dor, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Príomhoide:** | Austin Ó Seachnasaigh |
| **Leas-Phríomhoide:** | Ruairí Ó Cinnéide |
| **Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** | Tomás Ó Conchúir |
| **Sonraí teagmhála:** | **Teil:** 066 7121650 **Ríomhphost:** eolas@gcchiarrai.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.gcchiarrai.ie |
| **Rolluithe 2014/2015:** | 304 dhalta |
| **Rolluithe 2015/2016:** | 325 dhalta |

**Teagasc agus Foghlaim:**
Faisnéis Theagascach – chríochnaigh ochtar ball foirne an cúrsa agus tá nósanna á gcur i bhfeidhm ar fud na scoile. Reáchtáladh ceardlann sa scoil agus bhí na múinteoirí uile páirteach inti.
Cuireadh oiliúint ar an mBord Bainistíochta nuacheaptha.
Oiliúint inseirbhíse/foirne: Rinneadh féinmheastóireacht scoile i gcomhar leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM); lá oiliúna ar MS365/TFC; Corpoideachas; Gaeilge; Matamaitic; OSPS; Nuatheangacha Eorpacha; Eolaíocht; GDC; an Teastas Sóisearach nua; Béarla sa Teastas Sóisearach nua; Uimhearthacht le SFGM; roinnt múinteoirí ag freastal ar chúrsa garchabhrach; oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta; Khan Academy (Matamaitic)
Eolaíocht – Turas allamuigh; Tíreolaíocht – Turas allamuigh
Fraincis – Cuairteoirí Fraincise
Fochoiste Litearthachta agus Uimhearthachta, Nasc Múinteoirí ag freastal ar chúrsaí inseirbhíse.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile:**
Pleanáil Scoile: Uaireanta iomlána CPC comhlíonta; cruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí déanta do gach rang; measúnú leanúnach déanta ar fhoghlaim na ndaltaí; scrúduithe um Nollaig agus um Shamhradh; Scrúduithe trialach déanta ag lucht na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh. Laethanta teagaisc agus oiliúna eagraithe don fhoireann uile

**Riachtanais Oideachais Speisialta**
An líon uaireanta faighte ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta: 21.25 uair
An líon Cúntóirí Ranga: 0 Rang Speisialta: Ní bhaineann

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail:**
Díospóireacht Ghael Linn i gCraobh na Mumhan; Tráth na gceist ag am lóin; Ceol carúl Nollag; Seó na Scoile; Scléip na Mumhan – gradam buaite. Féile drámaíochta, Aoichainteoirí. Céilí agus Dioscó eagraithe ag daltaí Idirbhliana. Daltaí ag freastal ar amharclann, pictiúrlann. Daltaí ag glacadh páirt i gcomórtas Fheis Chiarraí; Feachtas – Tráth na gceist. Duais an Uachtaráin de chuid Gaisce. Leanadh le hullmhúchán don turas scoile go dtí an Ghearmáin sa bhliain 2016.

**Spórt agus Sláinte**
Lá Spraoi scoile uile
An tSeachtain Meabhairshláinte – aoichainteoirí agus imeachtaí éagsúla
Foireann peile Buachaillí sinsir i gCraobh Uí Mhuineacháin
Foireann peile Buachaillí faoi 16
Foireann peile Buachaillí Bhliain 1 – Buaiteoirí Bhlitzchomórtas Chiarraí Thuaidh
Foireann peile Cailíní sinsir
Foireann peile Cailíní faoi 16 $^1/_2$
Foireann peile Cailíní Bhliain 1 agus Bhliain 2
Foireann Cispheile Cailíní Bhliain 1 agus Bhliain 2
Foireann Cispheile Cailíní faoi 16
Foireann Cispheile Cailíní faoi 19
Foireann Iománaíochta faoi 15
Galf, Lúthchleasaíocht, Tasc Saibhir

**Éachtaí Idirbhliana**
Cúrsa Traenála CLG, Rugbaí, Sacair; GAISCE; Marcaíocht tonn; Cúrsa Dlí; Garchabhair; Lá Spóirt Idirbhliana an Chontae; Lá Spioradálta; Comórtas Treafa; Tráth na gceist maidir le Euroscala; Ceardlann ar Ghnéasacht Shláintiúil; an Bord Fiontar Contae; Cluichí na gCogaí; Teanga Chomharthaíochta; Rúisis; Sínis; Junkouture; na Mion-Náisiúin Aontaithe; Cúrsaí in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí - Scratch, Coder DoJo, innealtóireacht, cócaireacht, na hilmheáin. *Prep for Med* i gColáiste na hOllscoile, Trá Lí; cuairt ar Ionad Bogach Bhá Thrá Lí; Seoltóireacht ar an bhFianait; Seó Faisin; Taithí oibre – 4 seachtaine; Féile na Samhna i gCnoc na gCaiseal. 'Operation Education' le linn Sheachtain na Scríbhneoirí, Lios Tuathail; Dreapadóireacht Chnoc Bréanainn.

**Comhairle na nDaltaí/Coiste Gaeilge**
Toghcháin déanta; cruinnithe míosúla; freastal ar chúrsa oiliúna; freastal rialta ar fhóram na ndaltaí. Gaelbhratach bainte amach ag an scoil

**Comhairle na dTuismitheoirí**
Gníomhach maidir le hairgead a thiomsú don scoil. Páirteach i bhfóram na dtuismitheoirí. Príomhoide ag freastal ar chruinnithe; tuismitheoirí ag eagrú Staidéir um Thráthnóna; tacaíocht maoine faighte uathu don tSeachtain Meabhairshláinte agus an Ghaelbhratach. Beartais curtha os a gcomhair agus glactha leo.

**Tréadchúram**
Comhairleoir na scoile ar fáil do dhaltaí. Scileanna Saoil Chiarraí; Humourfit do Bhliain 1; Gardaí Thrá Lí ag labhairt le daltaí Bhliain 2 agus Bhliain 3 faoi dhrugaí, iompar mí-oiriúnach, sábháilteacht ar na bóithre. An tSeachtain Meabhairshláinte – an 3-7 Márta; aoichainteoirí ag labhairt le daltaí. Sábháilteacht ar an Idirlíon múinte.

**Gairmtheoir**
CATS Bhliain 1; an Idirbhliain; Aoichainteoirí ó Ollscoil Luimnigh ag labhairt le Bliain 6; Bliain 6 - Lá oscailte Ollscoil Luimnigh; MIC $_7$ LIT; Bliain 6 - Lá oscailte Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí; Pathfinders; Aonach

Gairmeacha in Óstán Brandon; Aoichainteoirí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ag labhairt le Bliain 6 agus Bliain 5; Aoichainteoir ó Choláiste Mhuire gan Smál ag labhairt le Bliain 6; Aoichainteoir ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag labhairt le Bliain 6; CATS Bhliain 4; Aoichainteoir ó Ollscoil Luimnigh ag labhairt le Bliain 6 faoi chúrsaí Eolaíochta sa Choláiste; Bréagagallaimh i mí an Mhárta. Seisiún eolais le tuismitheoirí dhaltaí Bhliain 3, Bhliain 4 agus Bhliain 6.
Múinteoir gairme fostaithe ar feadh ceithre lá sa tseachtain, ag bualadh le daltaí ar bhonn duine le duine chun cúrsaí ghairme a phlé agus ag freastal ar éilimh chomhairleoireachta na ndaltaí.

**Gradaim Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí 2013**
Bonn Óir: Éamonn Ó Braoin, 615 phointe san Ardteist
Bonn Airgid: Muireann Nic Gineá agus Éamonn Ó Braoin, na daltaí Eolaíochta is fearr;
Donagh Mac Eileagóid, an dalta Ealaíne agus Nuatheangacha Eorpacha is fearr.

KILLARNEY COMMUNITY COLLEGE
Est. 1903

| | |
|---|---|
| **Scoil:** | **Coláiste Pobail Chill Airne** |
| **Láthair:** | An Bóthar Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí |
| **Príomhoide:** | Fiona O'Brien Uas. |
| **Leas-Phríomhoide:** | Stella Loughnane Uas. |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil:** 064 6632164 **Ríomhphost:** kcccom@iol.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.killarneycommunitycollege.ie |
| **Rolluithe 2014/2015:** | Daltaí Príomhshrutha: 386 dhalta<br>Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta: 15 mhac léinn |
| **Rolluithe 2015/2016:** | Daltaí Príomhshrutha: 384 dhalta<br>Mic Léinn Iar-Ardteistiméireachta: 14 mhac léinn |

**Teagasc agus Foghlaim:**
***Tugadh córais isteach chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú.***
- D'athraigh an coláiste amlíne agus modhanna na measúnachta, agus gnéithe de ghrád measúnachta leanúnaí á dtabhairt isteach aige. Rinneadh athbhreithniú ar an mbeart sin ag deireadh na bliana agus measadh gur thionscnamh dearfach é.
- Tugadh córas VSware isteach sa scoil chun áit an tseanchórais darb ainm Eportal a ghlacadh. Fuair an fhoireann oiliúint sa chóras nua i dtús mhí Feabhra. Cuireadh an córas i bhfeidhm ina dhiaidh sin an 29 Feabhra.
- Bhain an scoil Bratach Ómra amach mar gheall ar a cuid oibre chun meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn sa scoil.
- Bhí an coláiste páirteach i roinnt comhthionscadal trí scoil le scoileanna comharsanacha sna réimsí seo a leanas: tionscadal meabhairshláinte; dúshlán an dara bliain; Bál na hArdteiste; agus tionscnaimh teagaisc agus foghlama.

**Cigireacht Scoile Uile ón Roinn Oideachais 2015:**
Rinneadh Meastóireacht Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim ar an scoil i mí Mheán Fómhair 2015. Bhí 12 phríomhthoradh agus ceithre mholadh ann sa tuarascáil ar an meastóireacht:
- "Tá Comhairle na dTuismitheoirí réamhghníomhach agus tacaíonn sí go mór leis an scoil.
- Tá an Bord Bainistíochta éifeachtach agus tá sé tiomanta dá ról, dá fhreagrachtaí agus dá oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.
- Cuireann an Príomhoide agus an Leas-Phríomhoide ceannaireacht an-mhaith ar fáil.
- Ar aon dul leis an gcultúr féin-athbhreithnithe atá ar bun aici, thaispeáin an scoil toilteanas soiléir chun athrú agus chuir sí córais agus struchtúir i bhfeidhm chun feabhas a chur ar thorthaí do dhaltaí.
- Leithdháiltear ceannaireacht go héifeachtach i measc an lucht meánbhainistíochta; déantar amhlaidh mar chuid de phoist freagrachta na scoile agus i measc ball foirne eile araon.
- Ceann de phríomhláidreachtaí na scoile is ea an fhoireann ghairmiúil, dhílis agus chomhbhách atá aici.

- Cuireann foireann cúraim tacaí luachmhara ar fáil do dhaltaí.
- Tá sé soiléir go bhfuil acmhainn shuntasach ag an scoil athrú a thionscnamh agus feabhas scoile a bhrú chun cinn.
- Moltar flaithiúlacht na foirne agus iad ag soláthar raon leathan gníomhaíochtaí seach-churaclaim lena bhfreastalaítear ar gach cineál spéise."

**Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta**

- An líon cúrsaí a soláthraíodh: 2014/2015: 1 2015/2016: 1
- An líon mac léinn a chríochnaigh cúrsa Leibhéal 5 nó a choibhéis: 2014/15: 17
- An líon mac léinn a chríochnaigh cúrsa Leibhéal 6: 2014/15: 9

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

- I bhfianaise athruithe ar struchtúr chruinnithe an Bhoird Bhainistíochta, chruthaigh an coláiste sé cinn de ghrúpaí ball foirne a bhfuil múinteoir ar leith i gceannas ar gach ceann díobh. Díreoidh na grúpaí sin ar réimsí difriúla tosaíochta thar an mbliain agus tabharfaidh siad aiseolas don Bhord Bainistíochta go tráthrialta le linn na bliana ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh, etc. Moladh an méid sin sa tuarascáil ar an Meastóireacht Scoile Uile.
- Úsáideadh faisnéis ó fhoinsí difriúla chun sonraí a bhailiú do na tosaíochtaí. Áiríodh leo sin taifid tinrimh; torthaí gnóthachtála; doiciméid Google ó dhaltaí, ó bhaill foirne agus ó thuismitheoirí; fócasghrúpaí, cigireachtaí ón Roinn Oideachais; anailís DEIS don bhliain seo caite; agus torthaí i scrúduithe stáit.
- Áirítear na réimsí seo a leanas le tosaíochtaí na scoile don bhliain:
  Litearthacht; Uimhearthacht; Gnóthachtáil; Tinreamh; TFC agus tacú le teagasc agus le foghlaim sa scoil; agus Pobal.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

- Cé ag a bhFuil Tallann; Grúpa Traidisiúnta Scoile; Cór Scoile; Cairde Creidimh (inar oibrigh an coláiste le Scoil Náisiúnta na Toirbhirte do Bhuachaillí); agus Gradaim Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, áit a bhfuair ochtar daltaí gradaim i Matamaitic, i mBéarla, i nGaeilge agus i dTeangacha Eorpacha.
- Clubanna am lóin: Club Ceamara; Club Teanga; Club Spóirt; Club Siúil; seomra cluichí; am léitheoireachta sa leabharlann.

**Spórt agus Sláinte**

- Tá an scoil ag obair i dtreo Bratach Scoile Gníomhaí a bhaint amach. Bhain sí Bratach na Scoileanna a Chuireann Dea-Shláinte Chun Cinn amach cheana féin. Chuaigh an coláiste i mbun Tascanna Saibhre de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

**Éachtaí Idirbhliana**

- Caint faoin Teaghlach agus faoin Saol; Caint faoi Mhí-Úsáid Drugaí agus Alcóil; Cúrsa Grianghrafadóireachta; Trend Micro; Sábháilteacht ar Líne/Cibearchoireacht, Corcaigh; Obair Dheonach a dhéanamh le Léigiún Mhuire; Naomh Columbán; Cuairt a Thabhairt ar Dhaoine Scothaosta; Seachtain Feasachta ar an Meabhairshláinte; Caint faoi Shábháilteacht ar Líne; Taithí Oibre; Óráidíocht Phoiblí; Cúrsa cóitseála Kickstart 1; Tiomsú airgid: Bailiúcháin do Chumann Tuismitheoirí agus Cairde Chiarraí; Cúrsa i Scileanna Saoil (AWARE); Clár Dlí le hAbhcóide; Turas go Raidió Chiarraí; Cúrsa Garchabhrach; Lá Ceannais SciFest; CV a Ullmhú; Ceoldráma – Calamity Jane in INEC; Nuálaithe Sóisialta Óga (ullmhúchán agus lá sa chamchuairt 'Labhair Amach' i gCorcaigh).

**Comhairle na nDaltaí**

- Toghadh na daltaí go daonlathach; cuireadh oiliúint orthu; bhí ról acu i gceapadh beartais agus i dtiomsú airgid don scoil; sholáthair siad scairdeáin uisce; thug siad tionscnamh bia shláintiúil isteach.

| **Comhairle na dTuismitheoirí** |
| --- |
| ▪ Tháinig an Chomhairle le chéile gach cúig nó sé seachtaine; reáchtáil sí imeacht tiomsaithe airgid don scoil, oíche chócaireachta, crannchur uibheacha Cásca agus comórtais Nollag; bhí ról aici i gceapadh beartais agus i bhFóram Tuismitheoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. |

| **Tréadchúram** |
| --- |
| ▪ Tháinig an fhoireann Tréadchúraim le chéile gach seachtain; sholáthair an comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail naisc idir an baile agus an scoil, d'eagraigh sé oícheanta faisnéise agus ceardlanna do thuismitheoirí agus d'eagraigh sé meantóireacht pobail d'oibrithe deonacha; Seachtain na hUrraime; Seachtain an Mhisin; an tSeachtain Feasachta ar an Meabhairshláinte; bonnghrúpaí agus meantóirí; ceartas aisiríoch; líonrú le Seirbhís Óige Dheoise Chiarraí agus leis an Oifig Idirchaidrimh Óige. |
| **Gairmthreoir** |
| ▪ Tionscnaimh UCC Plus, 'Ard-Dul Chun Cinn' Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Pathfinders; laethanta oscailte don Chlár Iar-Ardteistiméireachta; oícheanta Rogha cúnaimh sa choláiste; aistriú daltaí ó bhunscoileanna áitiúla go dtí an chéad bhliain |

**Scoil:** **Coláiste Pobail Chill Orglan**
**Láthair:** Cill Orglan, Co. Chiarraí
**Príomhoide:** An tUas. Con Moynihan
**Leas-Phríomhoide:** An tUas. Donal O'Reilly
**Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta:** Emmett Spring
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 9761168 **Ríomhphost:** info@killorglincc.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.killorglincc.ie
**Rolluithe 2014/2015:** 207 ndalta
**Rolluithe 2015/2016:** 229 ndalta

Mhéadaigh rollú na scoile ó 146 dhalta sa bhliain 2009/10 go rollú 229 ndalta sa bhliain 2015/16. Tháinig feabhas suntasach ar thorthaí acadúla sa chúpla bliain seo a chuaigh thart agus d'aithin an Chigireacht an méid sin.

**Teagasc agus Foghlaim:**

Ghlac seisear ball foirne páirt in oiliúint Faisnéise Teagascaí an Ollaimh Barrie Bennett sna ceithre bliana seo a chuaigh thart. Tá seachtú ball foirne ag tabhairt faoi oiliúint i dteicnící Ceannaireachta Teagascaí leis an Ollamh Barrie Bennett faoi láthair. Chuaigh an oiliúint sin ar fad i bhfeidhm ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ar fud na scoile ar fad. Is ar taispeáint i ngach seomra ranga atá clár bán ar a bhfuil na Cuspóirí Foghlama, na heochairfhocail agus an obair bhaile do gach rang. D'fhreastail baill foirne ar laethanta iomlána oiliúna sna teicnící éagsúla freisin, lenar áiríodh Measúnú chun Foghlama, Meabhairmhapaí, teicnící ceisteoireachta ardoird Bloom's Taxonomy, etc., agus sinn ag déanamh iarracht leanúnach chun feabhas a chur ar theagasc agus ar fhoghlaim.

Ghlac na daltaí páirt i gceardlanna éagsúla, ar eagraíodh cuid mhór díobh le cúnamh ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Ina measc, bhí máistir-ranganna i scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge agus i mBéarla. Scríbhneoirí cónaithe; imeachtaí ceoil agus ealaíon; fóraim dhaltaí; grodchúrsaí gnó; agus comórtas na nuálaithe sóisialta óga agus comórtas an Eolaí Óig.

Ghlacamar cur chuige Scoile Uile i leith na litearthachta i mbliana mar chuid dár bhféinmheastóireacht scoile, rud a bhí ina chuar foghlama dúinn go léir. Reáchtálamar lá litearthachta don fhoireann an 22 Meán Fómhair 2014. Ba ar an Uimhearthacht a díríodh sa bhliain 2015, ar lena linn a sholáthair Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh lá foghlama dúinn an 25 Meán Fómhair.

I mí Mheán Fómhair 2015, cheannaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna ceadúnais Microsoft 365 dá scoileanna uile chun tacú le straitéis TFC an Rialtais. Cuireadh oiliúint ar thriúr múinteoirí ón scoil ina leith sin. Chuir siad oiliúint ar dhaoine eile sa scoil ina dhiaidh sin.

**Pleanáil agus Meastóireacht Forbartha Scoile**

Reáchtáladh ceardlann ar Fhéinmheastóireacht Scoile don fhoireann ar fad. Tá plean feabhais scoile i bhfeidhm againn don Litearthacht agus don Uimhearthacht faoi láthair freisin.

**An Clár Ealaíon, Cultúir agus Pobail**

Reáchtáladh imeacht Tallainne X-Factor i gColáiste Pobail Chill Orglan roimh an Nollaig. Thaibhigh ár gCór Scoile do chuid mhór ócáidí scoile. Ghlacamar páirt rathúil i nGradaim an Gharda Síochána d'Éachtaí Óige. Bhí clubanna éagsúla am lóin ar siúl ar bhonn seachtainiúil. D'oibríomar i gcomhpháirt le coiste áitiúil K-Fest chun tionscadal ealaíne agus scannánaíochta a reáchtáil thar thréimhse ocht seachtaine, rud ar éirigh go geal leis. Reáchtáiltear an clár sceitimíní nádúrtha do dhaltaí roghnaithe le linn mhíonna an tsamhraidh mar chuid dá gcríochnú scoile.

**Spórt agus Sláinte**

Thugamar 'Lá Gníomhaíochta' isteach don scoil ar fad an 18 Meán Fómhair. Ba é a bhí i gceist leis sin go ndeachaigh gach grúpa ranga, agus múinteoirí i gcuideachta leo, ar shiúlóid ar cheann amháin dár sléibhte áitiúla. Eagraíodh an lá sin ag deireadh Sheachtain na Folláine 2015. Ghlac ár ndaltaí páirt san imeacht tascanna saibhre faoi Chreat na Sraithe Sóisearaí don Chorpoideachas. I dtús an dara bliain, thug daltaí faoi lá neartú foirne i dtrá Ros Beithe. Déantar éachtaí i spóirt éagsúla a cheiliúradh ag ár searmanas bronnta gach bliain. Bhaineamar rath amach i rugbaí leaiste, i sacar Astroturf agus i spóirt CLG. Bhuaigh ár ndaltaí boinn sa tsleá agus i gcaitheamh meáchain ag tionól lúthchleasaíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i mí na Bealtaine. Cuireadh cláir Shláinte agus Chorpacmhainne agus cláir folláine meabhrach ar siúl le cúnamh ó Aware agus ó Sheirbhís Oideachas Saoil Chiarraí. Eagraíodh clár láidir Spóirt agus Corpacmhainne mar chuid dár ranganna oíche san Earrach agus san Fhómhar.

**Comhairle na nDaltaí**

Is gníomhach atá Comhairle na nDaltaí sa scoil. Téitear i gcomhairle léi maidir le beartais scoile agus glacann sí páirt i bhfóraim dhaltaí de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Glacann sí páirt i gComhairle na nÓg, Ciarraí, freisin.

**Comhairle na dTuismitheoirí**

Is gníomhach atá Comhairle na dTuismitheoirí. Bíonn ról aici i bhforbairt beartais agus i bhfóram tuismitheoirí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Eagraíodh roinnt tionscnamh an-rathúil tiomsaithe airgid sa bhliain 2015. Ba ghníomhaíochtaí iad sin lenar cuireadh corpacmhainne chun cinn ar fud phobal na scoile ar fad agus lenar cabhraíodh le hairgead a thiomsú chun ár bpáirceanna peile a fhorbairt.

**Tréadchúram**

Tá foireann Tréadchúraim i bhfeidhm againn agus tagann sí le chéile ar bhonn seachtainiúil. Freastalaíonn comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail ar an scoil dhá lá sa tseachtain freisin. Reáchtálaimid tionscnaimh éagsúla frithbhulaíochta agus bíonn ár mbonnghrúpaí ina gcuid lárnach dár struchtúr cúraim. Codanna lárnacha eile den struchtúr sin is ea ceartas aisiríoch agus ár dtionscnaimh mheantóireachta.


Glacaimid páirt i gclár Meantóireachta Pobail d'Oibrithe Deonacha, áit a dtagann daoine den phobal (atá oilte) isteach sa scoil chun meantóireacht a dhéanamh ar dhaltaí ar bhonn seachtainiúil.  Tá dlúthcheangal againn leis an bpobal agus oibrímid i gcomhar le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí eile amhail an 'Tionscadal Comharsanachta don Óige' agus na hIonaid áitiúla Acmhainne Teaghlaigh.

**Tréadchúram**

Tá foireann Tréadchúraim i bhfeidhm againn agus tagann sí le chéile ar bhonn seachtainiúil.  Freastalaíonn comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus pobail ar an scoil dhá lá sa tseachtain freisin.  Reáchtálaimid tionscnaimh éagsúla frithbhulaíochta agus bíonn ár mbonnghrúpaí ina gcuid lárnach dár struchtúr cúraim. Codanna lárnacha eile den struchtúr sin is ea ceartas aisiríoch agus ár dtionscnaimh mheantóireachta. Glacaimid páirt i gclár Meantóireachta Pobail d'Oibrithe Deonacha, áit a dtagann daoine den phobal (atá oilte) isteach sa scoil chun meantóireacht a dhéanamh ar dhaltaí ar bhonn seachtainiúil.  Tá dlúthcheangal againn leis an bpobal agus oibrímid i gcomhar le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí eile amhail an 'Tionscadal Comharsanachta don Óige' agus na hIonaid áitiúla Acmhainne Teaghlaigh.

**Gairmthreoir**

Tá Plean Treorach Scoile Uile i bhfeidhm againn agus freastalaíonn múinteoir treorach ar an scoil ar an Máirt agus ar an Déardaoin.  Tugann daltaí faoi thaithí oibre mar chuid de Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Ghlacamar páirt i gclár UCC+ agus d'fhorbraíomar dlúthcheangal le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí trí thionscnaimh Pathfinders.  D'fhreastail ár ndaltaí ar laethanta oscailte don Chlár Iar-Ardteistiméireachta agus ar imeachtaí Gairmeacha.  Cuireadh socrú láidir aistrithe ar bun le bunscoileanna áitiúla trí scéim theagmhála baile, scoile agus an phobail.



## OBAIR DON AOS ÓG

**Comhordaitheoir:** Miriam Galvin Uas.
**Láthair:** f/ch Choláiste Pobail Chill Orglan, Sráid Langford, Cill Orglan, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Ríomhphost:** mgalvin@kerryetb.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetb.ie

Oibríonn an earnáil Oibre don Aos Óg go gníomhach le daoine óga lasmuigh den earnáil fhoirmiúil oideachais agus i gcomhar leis an earnáil fhoirmiúil oideachais araon. Sainmhínítear Obair don Aos Óg mar seo a leanas: *'clár pleanáilte oideachais arb é is aidhm dó cabhrú le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga agus an méid sin a fheabhsú trína rannpháirtíocht dheonach. Is clár é lena gcomhlánaítear a n-oideachas foirmiúil, acadúil nó gairme nó a n-oiliúint fhoirmiúil, acadúil nó ghairme agus is iad eagraíochtaí oibre deonaí don aos óg a sholáthraíonn é go príomha.'* (An tAcht um Obair don Aos Óg, 2001).

Áirítear iad seo a leanas leis na cláir Oibre don Aos Óg a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar fáil:

- Scéimeanna Deontais le haghaidh Obair don Aos Óg,
- Tionscadail Chlub Óige







Bank of Ireland
KERRY CANCER SUPPORT GROUP












Returning to education or training?
Changing direction?






Listen Live @ colaistenasceilae.ie
CNS Radio
/ColaisteNaSceilaeRadio


Say No to
BULLYING


KERRY COLL
FURTHER ED


Suicide or Survive
'We meet





# *BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT*

Tá athrú ollmhór tagtha ar an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna le déanaí de bharr na Boird Oideachais agus Oiliúna a bheith á n-athstruchtúrú agus de bharr iar-Sholáthar Oiliúna SOLAS a bheith á chomhtháthú tuilleadh. Tiocfaidh tuilleadh athruithe chun cinn sna blianta atá romhainn de bharr fhoilsiú na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019 ó SOLAS. Sholáthraíomar thart ar 1,200 clár Breisoideachais agus Oiliúna do thart ar 12,500 foghlaimeoir ar fud an chontae sa bhliain 2015. Tá sé sin cothrom le 5% den soláthar náisiúnta cúrsaí, le 4% d'iomlán na dtairbhithe agus le 4% (€24.6m) den infheistíocht náisiúnta.

## CLÁIR BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AGUS TACAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA SA BHLIAIN 2015

- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta
- Oiliúint Sainscileanna
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)
- Oideachas Pobail
- Oiliúint Pobail agus Sainoiliúint
- Oiliúint Oíche
- Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach
- Ógtheagmháil
- Seirbhís Treorach agus Faisnéise Chiarraí d'Aosaigh
- Oideachas agus Oiliúint Spóirt agus Comhshaoil
- Spórt agus Fóillíocht

## PRÍOMHSTAITISTICÍ MAIDIR LE BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT 2015

| **SOLÁTHAR BO IN 2015** Nóta Maidir le costais Iar-Ardteistiméireachta ní léirítear ach amháin na costais SOLAS | | Measúnú d'ionchuir isteach sa soláthar BO in 2015 | | | | Measúnú d'aschuir as soláthar BO in 2015 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon na bhfoghlaimeoirí | | | Maoiniú | Coinneáil | Críochnú | Creidiúnú BO |
| | Saghas Soláthair | Cláraithe / Thosaigh 1 Eanáir | Ag tosú cúrsaí le linn 2015 | Tairbhithe de sholáthar BO in 2015 | Maoiniú do sholáthar Breisoideachais in 2015 | *Céatadán na dtosaitheoirí a coinníodh ar a gcúrsa le linn 2015 | Céatadán na bhfoghlaimeoirí / tairbhithe coinnithe atá ag glacadh páirte ar chúrsaí a chríochnóidh in 2015 | *An ráta creidiúnaithe le haghaidh na bhfoghlaimeoirí / tairbhithe ar chúrsaí a chríochnóidh in 2015 |
| BOO Chiarraí | Lánaimseartha | 1,653 | 2,058 | 3,711 | €18,413,221 | 81% | 83% | 79% |
| | Páirtaimseartha | 1,552 | 3,953 | 5,505 | €2,827,248 | 91% | 93% | 53% |
| | Oideachas Pobail | - | 2,900 | 2,900 | €418,000 | 91% | 91% | 0% |
| | Costais Oibriúcháin BO Chiarraí lena n-áirítear Seirbhísí Treoracha | | | | €2,965,483 | | | |
| | | 3,205 | 8,911 | 12,116 | €24,623,952 | | | |

*TÓGADH ÓN BPLEAN SEIRBHÍSE SOLAS 2015

## TAIRBHITHE BEARTAITHE AGUS IARBHÍR DE CHUID BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ 2015

| Clár | Tairbhithe Beartaithe | Tairbhithe Iarbhír | An Líon Cúrsaí/Grúpaí |
|---|---|---|---|
| Oideachas Bunata Aosach | 873 | 1,291 | 203 |
| Oiliúint Printíseachta | 201 | 188 | 14 |
| Oiliúint Chumaisc | 18 | 14 | 1 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 80 | 114 | 8 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | 2,638 | 2,063 | 221 |
| Oideachas Pobail | 2,932 | 3,641 | 303 |
| Ionad Oiliúna Pobail | 80 | 61 | 4 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile | 770 | 409 | 47 |
| Oiliúint Oíche | 950 | 1,031 | 73 |
| Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna | 128 | 119 | 16 |
| Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach | 54 | 66 | 9 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 15 | 16 | 1 |
| An Clár Iar-Ardteistiméireachta | 1,864 | 1,476 | 105 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 131 | 151 | 8 |
| Oiliúint Sainscileanna | 904 | 675 | 36 |
| Cúrsaí Oiliúna | 328 | 269 | 17 |
| Teagasc Deonach sa Litearthacht | 259 | 239 | 80 |
| An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais | 323 | 448 | 28 |
| Ógtheagmháil | 207 | 314 | 27 |
| **IOMLÁN** | **12,755** | **12,585** | **1,201** |

## PRÓIFÍL NA nIONAD BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA

## AN CLÁR IAR-ARDTEISTIMÉIREACHTA

Is ionann cúrsa Iar-Ardteistiméireachta agus cúrsa lánaimseartha lae a mhaireann bliain amháin nó dhá bhliain agus a reáchtáiltear ó mhí Mheán Fómhair go mí na Bealtaine. Is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI, ar ar tugadh FETAC roimhe seo) a dheimhníonn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Ní hé amháin go bhfuil na cúrsaí ar oscailt do dhaoine a chríochnaigh an Ardteistiméireacht le déanaí, ach tá siad ar oscailt d'aon duine atá ag iarraidh filleadh ar an mBreisoideachas freisin. Is i gceithre choláiste a chuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí cláir Iar-Ardteistiméireachta ar fáil.

**Ionad:** **Coláiste Breisoideachais Chiarraí**
**Príomhoide:** An tUas. Brian Harkin
**Láthair:** An Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 7121741
**Ríomhphost:** info@kerryfe.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryfe.ie
**Cláir:** *An Clár Iar-Ardteistiméireachta*

**Buaicphointí 2015:**

- Rinne Jan O'Sullivan TD, an tAire Oideachais agus Scileanna, na saoráidí athchóirithe i gColáiste Breisoideachais Chiarraí a sheoladh go hoifigiúil an 8 Deireadh Fómhair.
- D'fhreastail Fiona Hartly ó SOLAS ar an searmanas bliantúil bronnta céimeanna i gColáiste Breisoideachais Chiarraí an 19 Deireadh Fómhair 2015.

| | |
|---|---|
| An Líon Mac Léinn a bhí Rollaithe | 515 |
| An Líon Mac Léinn a Chríochnaigh Cúrsa | 459 |
| An Líon Mórdhámhachtainí | 320 |
| An Líon Miondámhachtainí | 129 |

20 ceann de Chláir Lánaimseartha Leibhéal 5
3 cinn de Chláir Lánaimseartha Leibhéal 6

Áirítear iad seo a leanas leis an soláthar:

- Teicneoir Cuntasaíochta, Bainistíocht Gnó, Riarachán Oifige, Slándáil, Eolaíocht Ríomhaireachta, Ilmheáin.
- Teiripe Scéimhe, Altranas, Cúram Leanaí, Staidéar Sóisialta, Fáilteachas, Spórt agus Áineas.
- Cúnamh Tréidliachta, Innealtóireacht, Foirgníocht, Dearadh Troscáin, Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh.
- Cuireadh tús le cúrsa i mBainistíocht Maoirseachta Sláinte Leibhéal 6 sa bhliain 2015

**Ionad:** **Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh**
**Príomhoide 2014/15:** An tUas. Cathal Fitzgerald
**Príomhoide 2015/16:** An tUas. Stephen Goulding
**Leas-Phríomhoide 2014/15:** An tUas. Stephen Goulding
**Leas-Phríomhoide 2015/16:** Eva Enright Uas.
**Láthair:** Lios Tuathail, Co. Chiarraí.
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 068 21023 **Ríomhphost:** info@colaistenariochta.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.colaistenariochta.ie
**Cláir:** **PP**, *an Clár Iar-Ardteistiméireachta agus an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais*

***Tabhair faoi deara:*** Tugadh Coláiste Pobail Lios Tuathail ar an ionad roimhe seo. Cruthaíodh féiniúlachtaí áitiúla nua i mí Iúil 2015 chun an soláthar Iar-bhunscoile agus an soláthar Iar-Ardteistiméireachta a scaradh ó chéile. Cuireadh Coláiste na Ríochta, ar Iar-bhunscoil é, agus Coláiste Breisoideachais Chiarraí Thuaidh, ar Coláiste Iar-Ardteistiméireachta é, ar bun dá bharr sin.

**Buaicphointí 2015:**

- Tugadh Cód Iompraíochta nua agus Beartas Iontrála nua isteach.
- Eagraíodh Lá Bronnta Dámhachtainí agus Céimeanna Iar-Ardteistiméireachta i Lios Tuathail, áit ar tugadh na foghlaimeoirí uile ó Leibhéal 4 go Leibhéal 6 le chéile.
- Tugadh cúrsaí nua Iar-Ardteistiméireachta isteach i gCúntóir Riachtanas Speisialta agus i gCúram Sláinte Leibhéal 6.
- Cruthaíodh suíomh Gréasáin nua do Choláiste Chiarraí Thuaidh i mí Lúnasa 2015. Bunaíodh láithreacht don Choláiste ar Facebook agus ar Twitter freisin.
- Cuireadh tús le Salón Gruagaireachta nua a fhorbairt i mí Dheireadh Fómhair 2015.

**Príomhstaitisticí 2014/15:**

- An Clár Iar-Ardteistiméireachta: 170 mac léinn
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais: 28 mac léinn

**Príomhstaitisticí 2015/16:**

- An Clár Iar-Ardteistiméireachta: 141 mhac léinn
- An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais: 29 mac léinn

**Coláiste na Sceilge** (soláthraí clár Iar-Ardteistiméireachta)

- Sonraí teagmhála mar atá liostaithe faoi 'Iar-bhunscoileanna'

**Buaicphointí 2015:**

- Tairgeadh na cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta seo a leanas sa bhliain 2014/15:
  - Gnó agus Feidhmchláir Ríomhaire Leibhéal 5.
  - Riarachán agus Feidhmchláir Ríomhaire Leibhéal 6.
- Eagraíodh Searmanas Bronnta i mí Dheireadh Fómhair 2015, áit a bhfuair na mic léinn:
- Miondámhachtainí Leibhéal 5 i Riarachán Gnó
- Mórdhámhachtain Leibhéal 5 i Riarachán Gnó.
- Miondámhachtainí Leibhéal 6 i Riarachán Gnó
- Mórdhámhachtain Leibhéal 6 i Riarachán Gnó.
  - D'éirigh go geal leis an oíche bronnta agus bhí freastal maith uirthi.

**Príomhstaitisticí 2014/15:**

- 20 mac léinn

**Príomhstaitisticí 2015/16:**

- 31 mhac léinn

**Coláiste Pobail Chill Airne** (soláthraí clár Iar-Ardteistiméireachta)

- Sonraí teagmhála mar atá liostaithe faoi 'Iar-bhunscoileanna'

**Buaicphointí 2015:**

- Rollaigh 17 mac léinn sa chúrsa i Riarachán Oifige i mí Mheán Fómhair 2015.

- Reáchtáil an Coláiste Oíche Dámhachtainí QQI an 15 Samhain. Bronnadh teastais ar mhic léinn na bliana 2014/15 lena linn. Rinneadh amhlaidh mar chuid dá searmanas bronnta céimeanna.
- Lean Coláiste Pobail Chill Airne ar aghaidh le naisc a bhunú le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. Leantar ar aghaidh le deis a thabhairt do mhic léinn sa chúrsa Iar-Ardteistiméireachta i Riarachán Oifige dul isteach sa dara bliain den chúrsa i Staidéar Gnó: Córais Faisnéise Oifige, fad a chomhlíonann siad na critéir shonracha lena mbaineann. Is cothrom le thart ar 25% atá ráta dul chun cinn an Choláiste ina leith sin.

**Príomhstaitisticí 2015/16:**

- An Clár Iar-Ardteistiméireachta: 14 mhac léinn

## IONAD OILIÚNA BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ 2015

Cuireann Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí cúrsaí lánaimseartha, páirtaimseartha agus tráthnóna ar fáil i réimsí amhail Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide, na Meáin, Fuinneamh In-Athnuaite, Cúram Sláinte, Foirgníocht agus Innealtóireacht

**Ionad:** **Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí**
**Bainisteoir:** An tUas. Owen O'Donnell
**Láthair:** Eastát Tionscail Mhóin an Bhaile, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 7126444 **Ríomhphost:** training@kerryetbtrainingcentre.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetbtrainingcentre.ie
**Cláir:** *Cúrsaí Lae d'Aosaigh; Cláir Oiliúna; Printíseachtaí; Cúrsaí Tráthnóna/Oíche; Oiliúint Pobail*

**Buaicphointí 2015:**

- Rinne Ireland Skills Tara O'Halloran, Teagascóir Teiripe Scéimhe, a cheapadh mar Phríomh-Shaineolaí Náisiúnta ar Theiripe Scéimhe do Chomórtas Scileanna an Domhain 2015 sa Bhrasaíl
- Seoladh cúrsaí nua i dTreorú Turas – idir chinn áitiúla agus chinn náisiúnta
- Seoladh Printíseacht nua i nGearradh Cloch agus i Saoirseacht Chloiche
- Bhuaigh oiliúnaí i gCúrsa Craoladh Raidió Bonn Óir City & Guilds don tSármhaitheas. Bhuaigh sé Gradam Fhoghlaimeoir Breisoideachais na Bliana freisin
- D'óstáil Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an Comórtas Scileanna Náisiúnta do Theiripe Scéimhe sa bhliain 2015.
- Seoladh cúrsa in Ullmhúchán Bia agus Ealaíona Cócaireachta ar an Daingean
- Tugadh an Phrintíseacht Pluiméireachta isteach an athuair san Ionad Oiliúna
- Críochnaíodh Stiúideo nua Taifeadta Dolby Digital

**Príomhstaitisticí 2015**

- **2015**
  - 2822 Thairbhí
  - Bronnadh 4,838 dTeastas – a chuimsigh mórdhámhachtainí agus miondámhachtainí araon

## AN TIONSCNAMH UM FHILLEADH AR AN OIDEACHAS

Cuireann an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) cláir pháirtaimseartha bhreisoideachais ar fáil do dhaoine óga agus d'aosaigh. Is é aidhm an tionscnaimh deis a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh filleadh ar an bhfoghlaim a scileanna agus a n-eolas a nuashonrú ar bhealach solúbtha. A bhuí leis an gcur chuige páirtaimseartha solúbtha a ghlactar i leith teastasú, cumasaítear d'fhoghlaimeoirí a bhfilleadh ar an bhfoghlaim agus ceangaltais teaghlaigh agus ceangaltais eile a chomhcheangal. Tugtar tús áite do mhic léinn

nár éirigh leo an t-oideachas Iar-bhunscoile a chríochnú.  Tairgtear sna cúrsaí rochtain ar theastasú ag Leibhéal 3 go Leibhéal 6 QQI tríd an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.  Mar gheall ar na cineálacha solúbtha cur chuige a ghlactar ann, cumasaítear do mhic léinn creidmheasanna a mhéadú le himeacht ama agus cáilíochtaí aitheanta a bhaint amach ar deireadh.

**Comhordaitheoir BTEI:** Marianne Marshall Uas.
**Láthair:** Lárphointe, Bóthar John Joe Sheehy, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 7193900 **Ríomhphost:** mmarshall@kerryetb.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetb.ie


**Buaicphointí 2015:**

- Sa bhliain 2015, fuair ár mic léinn ar fud an Chontae níos mó ná 1,500 ceann de dhámhachtainí QQI.  Bhain mic léinn áirithe dámhachtain amach i leith modúl aonair agus bronnadh Teastasú Iomlán ar mhic léinn eile.  Chríochnaigh na mic léinn cúrsaí Leibhéal 3 go Leibhéal 6 i raon leathan disciplíní ábhair.
- Tá éileamh mór ann ar ranganna TFC ar fud an Chontae go fóill, go háirithe i gcúrsaí Leibhéal 3 agus Leibhéal 4.
- Tionóladh taispeántas ealaíne in Ionad Bogach Bhá Thrá Lí thar an gCáisc chun saothar ár mac léinn sna hamharcealaíona agus in ealaín, ceardaíocht agus dearadh araon a chur i láthair.

**Príomhstaitisticí 2015:**

- An líon iomlán rannpháirtithe: 2,325

## BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHIARRAÍ – CLÁR BTEI



# AN SCÉIM DEISEANNA OILIÚNA GAIRMOIDEACHAIS (VTOS) AGUS IONAID ÓGTHEAGMHÁLA

Tugtar le Scéimeanna Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) deis d'aosaigh dhífhostaithe filleadh ar an oideachas lánaimseartha gan a sochair Leasa Shóisialaigh a chailleadh. Leis an scéim, cuirtear raon cúrsaí ar fáil chun freastal ar na riachtanais oideachais agus oiliúna atá ag daoine dífhostaithe. Tugtar deis léi do rannpháirtithe feabhas a chur ar a leibhéal ginearálta oideachais, teastasú a ghnóthú, a scileanna a fhorbairt agus ullmhú d'fhostaíocht, d'fhéinfhostaíocht agus do bhreisoideachas agus oiliúint. Tá ceithre cinn d'Ionaid VTOS ar bun ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

**Ionad:** **Ionad VTOS Chill Airne**
**Comhordaitheoir:** Mary O'Connor Uas.
**Láthair:** An Chéad Urlár, Ivy House, Carrchlós na Sráide Nua, Cill Airne, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 064 6637757 **Ríomhphost:** killarneyvtos@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.killarneyvtos.ie

**Buaicphointí 2015:**

- D'fhreastail gach mac léinn VTOS ar Aonach Post Chill Airne an 1 Deireadh Fómhair 2015, rud ar eagraigh an Roinn Coimirce Sóisialaí é.
- D'fhreastail gach mac léinn VTOS ar an Aonach Gairmeacha i gCill Airne Dé Céadaoin an 18 Samhain, rud ar eagraigh Institiúid na gComhairleoirí Treorach é.
- Bronnadh Teastais QQI agus Teastais Fágála ar chéimithe Ionad VTOS Chill Airne sa bhliain 2015 i bhfoirgneamh an Ionaid Déardaoin an 24 Meán Fómhair 2015.
- D'eagraigh na mic léinn dara bliain Tráth na gCeist ag an Nollaig.

**Príomhstaitisticí 2015:**

**2015/16**

**VTOS**:

| | |
|---|---|
| **Ógtheagmháil**: | 46 Mhac Léinn |
| **Bliain 2:** | 3 Mac Léinn |
| | QQI – Scileanna Fostaíochta/Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise Leibhéal 4 |
| **Bliain 1:** | QQI – Teastas i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide Leibhéal 3 |
| | QQI – Scileanna Fostaíochta/Scileanna Teicneolaíochta Faisnéise Leibhéal 4 |

**Ionad:** **Ionad VTOS agus Ógtheagmhála Chiarraí Theas**
**Comhordaitheoir:** An tUas. Joe Brennan
**Láthair:** An Lóiste, Sráid an Mhargaidh, Cill Orglan, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 9762748 **Ríomhphost:** vtossouthkerry@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetb.ie/programmes_fulltime

**Buaicphointí 2015:**

- D'fhreastail mic léinn ar laethanta oscailte i gColáiste Breisoideachais Chiarraí agus in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí. D'fhreastail siad ar an Aonach Post in Óstán Plaza, Cill Airne, freisin.
- Ghlac an fhoireann ar fad páirt in oiliúint Garchabhrach.
- Cuireadh comhairleoireacht ar fáil do gach foghlaimeoir ar an gClár le linn na bliana acadúla.
- Cuireadh oiliúint i láimhsiú sábháilte ar gach mac léinn i mbliain 2 sular thug siad faoi thaithí oibre.
- D'fhreastail comhairleoir de chuid Sheirbhís Treorach agus Faisnéise Chiarraí d'Aosaigh (KAGS) ar

an ionad gach seachtain ó mhí Dheireadh Fómhair go deireadh mhí na Nollag chun bualadh le mic léinn Ógtheagmhála.
- Soláthraíodh Clár Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 ag an ionad, rud inar díríodh go príomha ar chroíréimsí ábhair amhail an uimhearthacht agus an litearthacht.

**Príomhstaitisticí 2015:**

**VTOS**: 25 mhac léinn

**Ógtheagmháil**: 8 mac léinn

**Ionad:** **Ionad VTOS Thrá Lí**
**Foireann Feidhmiúcháin:** Mary Sheehy Uas., an tUas. Jim Crowley
**Láthair:** Teach an Eolais, an Chlais, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil.:** 066 7121041 **Ríomhphost:** traleevtos@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.traleevtos.ie

**Buaicphointí 2015:**
- Tugadh Clár Leibhéal 3 QQI isteach i mbliana chun freastal ar na riachtanais foghlaimeoirí a sainaithníodh tráth an rollaithe. Soláthrófar an clár sin thar thréimhse 2 bhliain.
- Ghlac mic léinn páirt sna gníomhaíochtaí seo a leanas:
  King Lear (Ionad Helix); Othello (Amharclann Naomh Eoin, Lios Tuathail); ceardlann i bhFás Ceartingearach; Camchuairt Lee Strand; Seachtain Feasachta Comhshaoil ar an Daingean; agus imeacht 'Níos Sine ná Éire' i gCill Airne. Tugadh cuairteanna ar Ghlas Naíon, ar an Dáil agus ar Ard-Mhúsaem na hÉireann freisin.
- Reáchtáladh an Oíche Gradam bliantúil do mhic léinn.

**Príomhstaitisticí 2015:**

Bhí dea-ráta dul chun cinn ann i dtreo an Bhreisoideachais agus na fostaíochta, e.g. cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, Oideachas Ardleibhéil. Tugadh Leibhéal 3 QQI isteach sa bhliain freisin.

**Ionad:** **Ionad VTOS Lios Tuathail**
**Foireann Feidhmiúcháin:** Rena Liston Uas.
**Láthair:** Coláiste Pobail Lios Tuathail, Clieveragh, Lios Tuathail, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 068 21023 **Ríomhphost:** vtos@northkerrycollege.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.northkerrycollege.ie

**Buaicphointí 2015:**
- Sholáthair Ionad VTOS Lios Tuathail Bliain 2 de dhámhachtain i bhFoghlaim Ghinearálta Leibhéal 4 agus thug sé dámhachtain nua isteach i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide Leibhéal 4 ionas go mbeadh rogha ag foghlaimeoirí dul ar aghaidh chuig cúrsaí eile tar éis dóibh a gcúrsa VTOS a chríochnú.
- D'eagraigh mic léinn tionscnaimh éagsúla phobail le linn na bliana acadúla mar chuid den mhodúl i Scileanna Fiontraíochta.

**Príomhstaitisticí 2013/14:**
- VTOS: 26 mhac léinn

## IONAID OIDEACHAIS AOSACH

Tá ceithre Ionad Oideachais Aosach i bhfeidhm ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Tá na hionaid suite go straitéiseach ar fud an Chontae agus soláthraíonn siad cúrsaí chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí ó Leibhéal 1 go Leibhéal 6 QQI. Cuireann na hIonaid Oideachais Aosach sin clár cuimsitheach cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Áirítear iad seo a leanas leis an soláthar:

- Oideachas Bunata Aosach
- Oideachas Pobail
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
- Ranganna Féinmhaoinithe

**Ionad:** **Ionad Oideachais Aosach Neidín**
**Bainisteoir:** An tUas. Michael Broderick
**Láthair:** Ardán an Chloig, Neidín, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 064 6641157 **Ríomhphost**: info@kenmareaec.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kenmareaec.ie

**Buaicphointí 2015:**

- Rinneadh trí Mhórdhámhachtain san Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh, i dTacaíocht Cúram Sláinte agus i Scileanna Oifige a sholáthar san ionad faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas.
- Soláthraíodh 20 rang féinmhaoinithe freisin.
- Tá sárnaisc ar bun ag an ionad leis an bpobal agus baineann na grúpaí seo a leanas leas as a chuid áiseanna: Seirbhísí Eoin Dé, Ciarraí; an tIonad Faisnéise do Shaoránaigh; Infhostaitheacht Chiarraí; an Líonra Foghlama Náisiúnta; an Club Post; Grúpa Ban Neidín; an Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir; Club Ealaíne Chiarraí Theas; Barbershop; grúpaí Riachtanais Speisialta; Unislim; grúpaí Comhairleoireachta; Cúram Pobail Chiarraí; JobsBridge; Teagasc; Seirbhísí Meabhairshláinte Chiarraí; Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; agus an tOspidéal.
- Saothraíodh glasraí i ngairdín an Ionaid lena ndíol leis an bpobal freisin.

**Príomhstaitisticí 2013/14:**

- **Trí Mhórdhámhachtain i Leibhéal 5 QQI.**
- **Ábhair Aonair:** 14 chúrsa (Leibhéal 3 – Leibhéal 5 QQI).
- **Cúrsaí Féinmhaoinithe:** 20 cúrsa.
- **Oideachas Pobail:** 6 chúrsa.

**Ionad:** **Ionad Oideachais Uí Chonaill, Cathair Saidhbhín**
**Bainisteoir:** Sinéad Geary Uas.
**Láthair:** Bóthar Chárthainn, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 9472414 **Ríomhphost:** info@oconnellcentre.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.oconnellcentre.ie

**Buaicphointí 2015:**
Soláthraíodh na cúrsaí seo a leanas san ionad:

- Mórdhámhachtain i dTacaíocht Cúram Sláinte Leibhéal 5 QQI faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas **(BTEI)**

Cúrsa Leibhéal 5 QQI i Riachtanais Speisialta a Thuiscint
Mórdhámhachtain i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus Gnó Leibhéal 4 QQI

- **Oideachas Pobail**
  Na Meáin Shóisialta; Fóin phóca a úsáid agus teachtaireachtaí téacs a sheoladh
- Clár (féinmhaoinithe) **Oideachais Aosach** i dtéarma an Fhómhair
  Réalteolaíocht; Béarla; Aireachas; Pilates; Bunchúrsa i Ríomhaireacht
- **Dámhachtainí Mac Léinn**
  Fuair mic léinn sa chlár Iar-Ardteistiméireachta, sna cláir VTOS agus Ógtheagmhála agus sa Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas a gcuid dámhachtainí ag Leibhéal 3 go Leibhéal 6 QQI an 15 Dheireadh Fómhair 2015. Baill den Gharda Cósta a fuair dámhachtainí i nGarchabhair Oibre Leibhéal 5 QQI, bhí siad i measc na 55 dhuine ó roinnt eagraíochtaí pobail i gCiarraí Theas a chríochnaigh cúrsa QQI a soláthraíodh tríd an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas. Ar an oíche, ghabh na Gardaí Cósta buíochas le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí as an tsároiliúint a fuair siad agus as an bhfeabhas luachmhar a chuir sí ar a gcuid scileanna.

**Príomhstaitisticí 2015:**

- Ranganna Oíche 24 mhac léinn
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas 103 mhac léinn
- Oideachas Pobail 50 mac léinn

| | |
|---|---|
| **Ionad:** | **Tech Amergin, Ionad Ealaíon agus Oideachais Pobail** |
| **Bainisteoir:** | Susan Walsh Uas. |
| **Láthair:** | An Coireán, Co. Chiarraí |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil.:** 066 9478956 **Ríomhphost:** manager@techamergin.com |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.techamergin.com |

**Buaicphointí 2015:**

- Rollaigh 322 mhac léinn i raon leathan de chláir QQI faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas sa bhliain 2015.
- Bhain grúpa foghlaimeoirí Mórdhámhachtain amach i dTacaíocht Cúram Sláinte Leibhéal 5.
- Bronnadh teastais QQI ar na mic léinn sin i mí na Bealtaine.
- Soláthraíodh cúrsa inseirbhíse samhraidh do mhúinteoirí Bunscoile i mí Iúil agus d'éirigh go geal leis.
- Rinneadh scoil Spáinnise samhraidh dar teideal "Béarla a Fhoghlaim trí Ghníomhaíocht" a eagrú san ionad.
- Reáchtáil an t-ionad clár leathan éagsúil imeachtaí sa bhliain 2015, lenar áiríodh féilte ealaíon agus cultúrtha, taispeántais, ceadail agus ceolchoirmeacha, scannáin (idir scannáin chomhaimseartha agus scannáin chlasaiceacha) agus imeachtaí amharclannaíochta/drámaíochta.
- Leantar ar aghaidh le gairdín nua Céadfaí agus Glasraí a shaothrú a bhuí le tacaíocht leanúnach ó oibrithe deonacha, ó Mheitheal Amergin, ó mhic léinn Scileanna Saoil agus ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.

**Ionad:** **Ionad Oideachais Aosach an Tóchair**
**Bainisteoir:** Nora Knapp Uas.
**Láthair:** An Tóchar, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 7131977 **Ríomhphost:** antochar@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.antocher.ie

**Buaicphointí 2015:**

- D'fhreastail an tIonad ar 255 mhac léinn i dtéarma an Earraigh agus ar 421 mhac léinn i dtéarma an Fhómhair i gcláir féinmhaoinithe, i gcláir faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas agus i gcláir Oideachais Phobail.
- Chuaigh cuid mhór mac léinn Tacaíochta Cúram Sláinte i mbun na fostaíochta nó an Bhreisoideachais ansin, agus iad ag déanamh staidéar ar altranas in Instiúid Teicneolaíochta Thrá Lí nó ar Eolaíocht Shóisialta i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.
- Chuaigh ocht mac léinn déag de chuid MOMENTUM i mbun na fostaíochta agus chuaigh beirt eile i mbun an bhreisoideachais tar éis dóibh a gcúrsa a chríochnú.
- Rinne an grúpa drámaíochta (rang Oideachais Phobail) léiriú a reáchtáil an 5 agus an 6 Nollaig do leanaí sa cheantar. D'éirigh go geal leis an léiriú, agus bunurlár an fhoirgnimh lán le hiontas an gheimhridh lena linn. Cuireadh 8 léiriú i láthair 160 leanbh agus a dtuismitheoirí.
- Lean Ceoltas ag bualadh le chéile san ionad gach oíche Luain chun tabhairt faoi sheitrince.
- Bhí Grúpa Ban GLOW an-ghníomhach san ionad, agus gníomhaíochtaí éagsúla amhail grúpa siúil, maidineacha caife do charthanas agus club leabhar ar siúl aige.

**Príomhstaitisticí 2013/14:**

**An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas - Earrach 2015:** Bhain 209 mac léinn san iomlán leas as cúrsaí i dTacaíocht Cúram Sláinte Leibhéal 5; in Ealaín agus Ceardaíocht Leibhéal 5; i nGairneoireacht Leibhéal 4; agus i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide Leibhéal 4.

**Cúrsaí Féinmhaoinithe:** Rinne 45 mhac léinn san iomlán de chuid MOMENTUM staidéar ar chúrsaí Dioplóma sna hábhair seo a leanas: Bia agus Deoch; Freastal Beáir agus Cócaireacht City & Guilds; Teicnící Cócaireachta; Bia Idirnáisiúnta; Taosrán agus Báicéireacht; Cleachtadh Oibre.
Bhain 271 mhac léinn leas as cúrsaí eile i Spraeáil Bumaile agus i Spraeáil Cnapsaic.

**Oideachas Pobail:** Ghlac 117 mac léinn páirt i gcúrsaí Oideachais Phobail.

## AN CLÁR UM LITEARTHACHT AGUS OIDEACHAS BUNATA AOSACH

Tá an tSeirbhís um Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach ina seirbhís rúnda shaor d'aosaigh atá ag iarraidh feabhas a chur ar a scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, litriúcháin agus uimhearthachta nó rud beag a fhoghlaim faoi ríomhairí. Is féidir le foghlaimeoirí teagasc duine le duine a fháil nó foghlaim mar chuid de ghrúpa beag. Is féidir le foghlaimeoirí a n-ábhar staidéir féin a roghnú agus foghlaim ar a luas féin le teagascóir tuisceanach.
Tá na hocht n-ionad Oideachais Bhunata Aosach lonnaithe sna ceantair seo a leanas: Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, an Daingean, Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail agus Trá Lí.

**Ionad:** **Ionad Chiarraí um Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach**
**Eagraí Litearthachta Aosach:** Aoife McCormack Uas.
**Láthair:** Áras an Phobail, Croílár na Mistéalach, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 7124114 **Ríomhphost:** kesabemt@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetb.ie/literacy

## Litearthacht agus Oideachas Bunata Aosach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## Cuireann an tseirbhís cúrsaí neamhdheimhnithe agus cúrsaí Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 QQI ar fáil sna réimsí seo a leanas:

- Léamh, Scríobh, Litriú
- Uimhearthacht e.g. Airgead agus Buiséadú
- Foghlaim Teaghlaigh e.g. Cabhrú le hObair Baile
- Teicneolaíocht e.g. Ríomhairí do Thosaitheoirí, Teoiric Tiománaithe
- Forbairt Phearsanta e.g. Am dom Féin
- Cúrsa ESOL i mBéarla ag Leibhéal 1 agus 2
- Oiliúint Feasachta Litearthachta
- Litearthact Théamaithe
- Oiliúint do Theagascóirí Deonacha
- Oideachas san Ionad Olbre


**Buaicphointí 2015:**

- **Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL)**
  Forbraíodh samhlacha cleachtais shóisialta agus baineadh sárthorthaí amach d'fhoghlaimeoirí, e.g. Oíche Scannáin i Neidín.
  Rinneadh meastóireacht ar fhóint an chláir bháin idirghníomhaigh agus fuarthas aiseolas an-dearfach ó theagascóirí ina leith.
  Sholáthair Oibrí Acmhainne ESOL seisiúin ar an gclár bán idirghníomhach.
  Tá cuid mhór teagascóirí ESOL páirteach i modúil de chuid Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.
- **An Clár Litearthachta Aosach**
  Cuireadh dianteagasc ar fáil agus baineadh an-torthaí amach d'fhoghlaimeoirí i roinnt láithreacha éagsúla (neamhspleách ar Dhianteagasc san Oideachas Bunata Aosach (ITABE)).
  Ardrátaí coinneála.
  Fianaise ar shárshamhlacha cleachtais shóisialta.
  Forbraíodh cúrsaí chun freagairt do riachtanais áitiúla, e.g. Na Seacht Nós atá ag Foghlaimeoirí An-Éifeachtach (Neidín) agus Scileanna Infhostaitheachta (Cill Airne).
  Reáchtáladh imeachtaí ceiliúrtha i láithreacha difriúla ar fud an chontae.
  Rinne eagraí litearthachta aosach an Chontae blag a sheoladh ar www.kerryabetutors.ie chun cabhrú le forbairt ghairmiúil leanúnach agus chun comhphlé a thionscnamh maidir le saincheisteanna cleachtais.
  Cuireadh Seachtain Litearthachta Aosach (i mí Mheán Fómhair) chun cinn go dearfach sna meáin shóisialta.
- **Clár Soghluaisteachta Erasmus+**
  Fuarthas cistiú chun forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do theagascóirí agus d'eagraithe litearthachta aosaí.
- **An Clár um Athshocrú Dídeanaithe**
  Rinneadh Clár nua a fhorbairt agus a bhainistiú chun freastal ar riachtanais na haon teaghlach déag a athlonnaíodh i gCiarraí.

## OIDEACHAS POBAIL

Is é an aidhm atá le Clár Oideachais Phobail Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí cláir áitiúla oideachais a chur ar fáil atá freagrúil do riachtanais an phobail áitiúil. Ag gníomhú dúinn i gcomhairle leis an bpobal áitiúil, forbraímid cláir atá inrochtana, cuimsitheach agus cuí go cultúrtha. Is é atá i gceist leis an gClár Oideachais Phobail ná go ndéantar an fhoghlaim sa phobal. Cuimsíonn an clár prionsabail an chumhachtaithe, na tuisceana, an chomhfheasa chomhchoitinn, an cheartais shóisialta agus na cothroime rochtana.

**Comhordaitheoir:** Michelle Ann Houlihan Uas.
**Láthair:** Lárphointe, Bóthar John Joe Sheehy, Trá Lí, Co. Chiarraí
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066-7121488 **Ríomhphost:** mahoulihan@kerryetb.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.kerryetb.ie




**Buaicphointí 2015:**

- Bhí dhá thionscadal rathúla ann i mbliana inar úsáideadh Ealaín mar uirlis i bhforbairt phearsanta. Fuarthas aiseolas an-dearfach ina leith.
- Tacaíodh le Grúpaí Córúla ar an Daingean faoin gClár.
- Tacaíodh le Grúpaí Drámaíochta ar an Tóchar, ar an bPoll Gorm agus i gCnoc na gCaiseal faoin gClár.
- Is é an Clár Oideachais Phobail a chistíonn Ceiliúradh an Bhlascaoid.
- Chuaigh tionscadal ceoil phobail ar an Ráth Mhór i bhfeidhm go mór ar an ngrúpa.
- Bronnadh gradam ómós áite ar thionscadal Lucht Siúil a bhfuilimid páirteach ann.

**Príomhstaitisticí 2015:**

- Soláthraíodh 273 chúrsa do 3,219 rannpháirtí.
- Soláthraíodh 26 chúrsa tuismitheoireachta i gCiarraí sa bhliain 2015.
- Soláthraíodh 10 gcúrsa don Lucht Siúil.

## SEIRBHÍS TREORACH AGUS FAISNÉISE CHIARRAÍ D'AOSAIGH


| | |
|---|---|
| **Comhordaitheoir:** | An tUas. Rico Stein |
| **Láthair:** | Lárphointe, Bóthar John Joe Sheehy, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| **Sonraí Teagmhála:** | **Teil:** 066-7121488 **Ríomhphost:** rstein@kerryetb.ie |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.kerryetb.ie |


Ba mar chuid den Tionscnamh Treorach Oideachais d'Aosaigh a bunaíodh Seirbhís Treorach agus Faisnéise Chiarraí d'Aosaigh (KAGS). Cuireann KAGS faisnéis faoin oideachas aosach, treoir duine le duine agus treoir grúpa atá neamhchlaon ar fáil chun cabhrú le haosaigh roghanna eolacha oideachais, gairme agus saoil a dhéanamh. Cuireann KAGS treoir oideachais agus ghairme ar fáil do dhaoine i spriocghrúpaí ainmnithe. Tá an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise ar fáil do gach aosach i gCiarraí.

**Buaicphointí 2015:**

- Foilsíodh an doiciméad bliantúil "Treochtaí Cliant, Riachtanais Chliant agus Moltaí" ó KAGS. Scaipeadh an doiciméad ar gach geallsealbhóir breisoideachais agus oiliúna de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí, ar bhaill foirne ábhartha de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus ar ghníomhaireachtaí eile.
- Chuir an Comhordaitheoir téarma isteach mar Leas-Chathaoirleach ar Choiste Chumann Treorach Aosoideachais na hÉireann. Rinneadh ionadaíocht ghníomhach don tSeirbhís le linn Cruinnithe Prótacail de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Chuir sí go gníomhach leis na cruinnithe sin freisin.
- Éascaíodh an obair chun príomhriachtanais foghlaimeoirí ar fud an Chontae a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta trí theacht ar chomhdhearcadh idir thart ar 18 n-eagraíocht, lenar áiríodh eagraíochtaí san earnáil breisoideachais agus oiliúna, baill foirne de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus eagraíochtaí ábhartha eile. Bhain KAGS an méid sin amach trí Lá Láithreoireachta Idir-Eagraíochta a fhorbairt, a éascú agus a óstáil.
- Cuireadh an foilseachán ó KAGS agus a chuid moltaí don athrú (bunaithe ar a chleachtas machnamhach ar threochtaí cliant agus ar riachtanais chliant) faoi bhráid Choiste Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí.
- Foilsíodh Treoirphrionsabail agus Cód Cleachtais Ghairmiúil Sheirbhís Treorach agus Faisnéise Chiarraí d'Aosaigh mar chuid de Leabharlann Acmhainní Eitice an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas. Tá sé mar aidhm leo tacú le baill foirne an Tionscnaimh Threorach Oideachais d'Aosaigh agus le forbairt ghairmiúil araon.
- Soláthraíodh oiliúint forbartha gairmiúla do chomhairleoirí treorach faoi oiliúint in Ollscoil Luimnigh agus in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.
- Rinneadh comhchleachtas machnamhach a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le haiseolas ar Mheasúnachtaí Síciméadracha.
- Rinneadh comhchleachtas machnamhach a fhorbairt agus a fhoilsiú maidir le Treoir Skype a úsáid mar chuid de Sholáthar Seirbhíse.
- Chabhraigh baill foirne KAGS le seimineáir phoiblí SUSI a eagrú
- Bunaíodh Ionad nua KAGS i bhfoirgneamh nua oifige.
- Ghlacamar páirt in Aonach Post poiblí i gCill Airne (Deireadh Fómhair), áit ar scaipeamar faisnéis agus
  ar dhéileálamar le ceisteanna.
- Rinneadh Cruinniú Réigiúnach de chuid an Chumainn Treorach Aosoideachais a eagrú agus a óstáil.
- Freastalaíodh ar oiliúint foirne agus ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach sna réimsí seo a leanas:
  SUSI, an tSeirbhís Tacaíochta Foghlaimeoirí agus Clár, Láimhsiú Sábháilte, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach de chuid an Lárionaid Náisiúnta um Threoir san Oideachas (Baile Átha Cliath), Comhdháil bhliantúil Institiúid na gComhairleoirí Treorach (Port Láirge).

**Príomhstaitisticí 2015:**

- Bhain 577 nduine aonair leas as an tSeirbhís Faisnéise (agus bhí níos mó ná ceist amháin acu ina lán cásanna).
- Eagraíodh 407 gCoinne Treorach Duine le Duine agus tháinig 172 dhuine aonair isteach le haghaidh Treoir Duine le Duine.
- An líon Seisiún Treorach/Faisnéise a soláthraíodh do ghrúpaí: 67.
- Críochnaíodh Meastóireachtaí Lánseirbhíse Bliantúla:
  Maidir le cliaint a raibh coinne duine le duine acu agus a chomhlánaigh ceistneoir meastóireachta KAGS, thuairiscigh thart ar 92%
  díobh go raibh siad sásta/an-sásta leis an tseirbhís.
  Maidir le cliaint KAGS a chomhlánaigh ceistneoir meastóireachta KAGS, thuairiscigh thart ar 75% díobh go raibh siad in ann a spriocanna a bhaint amach mar gheall ar an treoir a fuair siad.

# OIDEACHAS AGUS OILIÚINT SPÓIRT AGUS COMHSHAOIL

## IONAD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ALLAMUIGH CHEAPAIGH NA LAO

**Bainisteoir:** An tUas. Donal Dowd
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066 9769244 **Ríomhphost:** info@cappanalea.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.cappanalea.ie

Cuireann Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh na Lao gnéithe oideachais den Churaclam Náisiúnta ar fáil ag leibhéil bhunscoile agus iar-bhunscoile i réimsí ábhair amhail Corpoideachas, Eolaíocht na Bunscoile, Aimsigh Eolaíocht, Eolaíocht Shóisearach, Tíreolaíocht, Bitheolaíocht/Éiceolaíocht, agus Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte.

Cuireann an tIonad le Cláir Náisiúnta Oideachais na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Glacann an tIonad páirt i dTionscnaimh Náisiúnta Oideachais, agus cúrsaí ina ndírítear ar an Litearthacht agus an Uimhearthacht agus ar ghnéithe de Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh á gcur ar fáil aige.

Maidir leis an earnáil 3ú Leibhéal, soláthraíonn an tIonad modúil ag leibhéil Teastais, Dioplóma agus Chéime i mBitheolaíocht Fiadhúlra agus i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta.

Mar chuid dá obair Breisoideachais agus Oideachais Leanúnaigh, oibríonn an tIonad go héifeachtach leis an earnáil Iar-Ardteistiméireachta chun Cláir Spóirt agus Áineasa a sholáthar. Cuireann an tIonad le cláir VTOS agus leis an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI). Tairgeann an tIonad oiliúint lánaimseartha ag Leibhéal 5 QQI dóibh siúd atá ag iarraidh tabhairt faoi ghairm allamuigh.

Oibríonn an tIonad le raon leathan grúpaí pobail agus daoine aonair tríd an gclár Oideachais Phobail. Cuirtear cúrsaí éagsúla ar fáil ionas gur féidir an raon is leithne is féidir clár agus gníomhaíochtaí a sholáthar. Dearann an tIonad a chuid cúrsaí chun freastal ar thorthaí sonracha foghlama a n-iarrann cliaint iad, idir chliaint sa tseirbhís óige, chliaint sa tseirbhís sláinte, chliaint san earnáil chorparáideach nó scoileanna teanga. Tá Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh na Lao tiomanta do dheiseanna spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla allamuigh a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus tá saineolas suntasach aige ar an réimse sin. Tairgeann sé raon éagsúil cúrsaí chun freastal ar ghrúpaí cliant ar leith freisin.

**Buaicphointí 2015:**

- I mí Aibreáin 2015, d'óstáil Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh na Lao campa eachtraíochta aon seachtaine darbh ainm CampAbility do leanaí a bhfuil lagú radhairc orthu.
- Reáchtáil sé an chéad turas fiántais cúig lá dá chuid riamh do dhaltaí sraithe sinsearaí ó iar-bhunscoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí freisin.

**Príomhstaitisticí 2015:**

- 2015: 21,075 mhac léinn.

## IONAD OIDEACHAIS PHÁIRC NÁISIÚNTA CHILL AIRNE

Eintiteas neamhbhrabúis is ea Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Reáchtáiltear é faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (trí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Cheapaigh na Lao) agus na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Tá an tIonad lonnaithe i dTeach Chnoc Rír, atá ar an gceann deireanach de thithe móra Neidín. Tá sé suite ar chnoc in aice le baile Chill Airne agus tá sár-radhairc le fáil ann ar an bPáirc Náisiúnta.

**Ionad:** **Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne**
**Comhordaitheoir Staidéir Allamuigh:** An tUas. Chris Barron
**Sonraí Teagmhála:** **Teil: 064 6635960** **Ríomhphost:** knpeducationcentre@ahg.gov.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.killarneynationalpark.ie/educentre
**Cláir:** Campaí Comhshaoil Cásca, Campaí Comhshaoil Samhraidh agus Campaí Comhshaoil Oíche Shamhna
Laethanta Bliantúla Scoile agus Bithéagsúlachta san Earrach
Siúlóidí Treoraithe, Turais, Taispeántais Sleamhnán agus Treodóireacht
Gníomhaíochtaí Corparáideacha
Grúpaí Óige

**Buaicphointí 2014/15:**

*A chéad Bhratach Ghlas riamh bronnta ar Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne.*

Rinne an tUas. Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Bratach Ghlas Ionad Oideachais Pháirc Náisiúnta Chill Airne a ardú den chéad uair riamh sa bhliain 2014. Bronnadh an bhratach ar an Ionad chun aitheantas a thabhairt dá obair eiseamláireach san oideachas comhshaoil.

**Príomhstaitisticí 2014/15:**

2015: 10,139 mac léinn

# *SPÓRT AGUS FÓILLÍOCHT*

## IONAD RÉIGIÚNACH SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA THRÁ LÍ

Osclaíodh Ionad Réigiúnach Spóirt Thrá Lí an 23 Deireadh Fómhair 1976. Tá Ionad Réigiúnach Spóirt agus Fóillíochta Thrá Lí Teo. (ar a dtugtar Ionad Spóirt Thrá Lí sa cheantar áitiúil) ina chomhfhiontar uathúil idir Comhairle Contae Chiarraí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí agus an pobal. Cuimsíonn an t-ionad ilfheidhmeach coincheap an "Spóirt do Chách". Baineann sé luach ar airgead amach agus tugann sé rochtain leanúnach do dhaoine den phobal, do ghrúpaí, do scoileanna agus do choláistí ar a chuid áiseanna.

**Ionad:** **Ionad Réigiúnach Spóirt agus Fóillíochta Thrá Lí**
**Bainisteoir:** An tUas. Liam Bohan
**Sonraí Teagmhála:** **Teil:** 066-7126442 **Ríomhphost:** traleesportscentre@eircom.net
**Suíomh Gréasáin:** www.traleesportscomplex.ie

# Cuid 3:
# Rialachas Corparáideach agus Airgeadas

Rinne an Bord ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí an Cód Cleachtais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (Ciorclán 18/2015) a ghlacadh go foirmiúil. Cuireadh Oiliúint Rialachais ar an mBord ina leith ansin. Is é cuspóir an Chóid a chinntiú go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí á threorú ag prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta ina chuid oibre.

Ceanglaítear ar chomhaltaí boird agus ar bhaill foirne ainmnithe Nochtaí Leasa a dhéanamh gach bliain i ndáil le saincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar chomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Cuireadh nochtaí don bhliain 2015 i gcrích agus seoladh iad ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí nuair ba chuí.

## STRUCHTÚR AN BHOIRD

Tá comhaltas den bhord comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Dháréag Ionadaithe Údaráis Áitiúil
- Beirt Ionadaithe do Thuismitheoirí
- Beirt Ionadaithe Foirne
- Cúigear Comhaltaí Sainleasa

Tá sceideal foirmiúil feidhmeanna forchoimeádta i bhfeidhm ag an mBord, mar atá leatha amach in alt 12 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Coiste Feidhmiúcháin freagrach as pleananna a chur chun feidhme, as bainistíocht laethúil agus as feidhmeanna nach bhfuil forchoimeádta don Bhord.

Tagann an Bord ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí le chéile 10 n-uaire in aghaidh na bliana. Sceidealtar cruinnithe breise nuair is gá. Tionóladh na cruinnithe seo a leanas sa bhliain 2015:

| | |
|---|---|
| 26 Eanáir 2015 | 15 Meitheamh 2015 |
| 23 Feabhra 2015 | 11 Meán Fómhair 2015 |
| 23 Márta 2015 | 28 Meán Fómhair 2015 |
| 2 Aibreán 2015 | 27 Deireadh Fómhair 2015 |
| 27 Aibreán 2015 | 23 Samhain 2015 |
| 25 Bealtaine 2015 | 14 Nollaig 2015 |

## COISTÍ

Chuir an Bord roinnt Coistí ar bun – Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchóireachta ina measc – de réir cheanglais alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Thionóil na Coistí sin cruinnithe mar seo a leanas sa bhliain 2015:

| **An Coiste Iniúchóireachta** | |
|---|---|
| 30 Iúil 2015 | 9 Nollaig 2015 |
| 26 Lúnasa 2015 | 16 Nollaig 2015 |
| 30 Meán Fómhair 2015 | |

| **An Coiste Airgeadais** | |
|---|---|
| 14 Deireadh Fómhair 2015 | |

## RIALUITHE INMHEÁNACHA

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó caillteanas ábhartha. Faigheann an Bord tacaíocht ón gcoiste feidhmiúcháin, atá freagrach as an gcóras rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme ar bhonn laethúil. Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar na rialuithe inmheánacha, ar lena linn a fhaigheann sé tuarascáil ón gCoiste Iniúchóireachta agus a thugann sé aird ar an tuarascáil sin. Cuireann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí (Aonad Tacaíochta Seirbhísí an Choiste Gairmoideachais roimhe seo) seirbhís Iniúchóireachta Inmheánaí ar fáil.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Tá bearta déanta ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí an lucht bainistíochta agus na foirne a shainiú go soiléir.
- Nósanna imeachta a bhunú chun mórtheipeanna rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh.
- Nósanna imeachta a bhunú chun sainaithint agus measúnú a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh cosc a chur ar an mBord Oideachais agus Oiliúna a chuid cuspóirí a bhaint amach. Bíonn sainaithint agus measúnú rioscaí ina gcuid rialta de bhainistíocht laethúil.

Tá an córas rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm bunaithe orthu seo a leanas:

- Nósanna imeachta mionsonraithe riaracháin.
- Leithscaradh dualgas.
- Údaruithe sonracha.
- Athbhreithniú míosúil ar thuarascálacha ina leagtar amach torthaí iarbhír agus torthaí buiséadaithe na gclár.

Úsáidtear na nithe seo a leanas chun bonn eolais a chur faoi fhaireachán agus faoi athbhreithniú an Bhoird ar a éifeachtaí atá an córas rialaithe inmheánaigh:

- Obair an Choiste Iniúchóireachta.
- Plé leis an bPríomhfheidhmeannach, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais.
- Moltaí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## PÁ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

I gcomhréir leis na scálaí pá ar cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna iad, íocadh €115,756 (seachas ÁSPC ón bhFostóir) leis an bPríomhfheidhmeannach sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015. Íocadh ÁSPC ón bhFostóir arbh fhiú €2,487 é freisin.

Níor thug an Príomhfheidhmeannach faoi aon taisteal eachtrach chun críocha gnó an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le linn na tréimhse. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim sochair shainithe earnála poiblí. Ní théann a theidlíochtaí pinsin thar na teidlíochtaí caighdeánacha atá ar fáil faoin scéim.

## SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ BOIRD

Íoctar speansais le comhaltaí Boird i leith taisteal chuig cruinnithe Boird.

Ba iad seo a leanas na speansais chomhiomlána a íocadh le gach comhalta sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015:

| Comhalta Boird | Cruinnithe Reachtúla | Boird Agallaimh | Eile (Fóraim de chuid Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann) | Freastal ar Chomhdhálacha / Seimineáir | Boird Bhainistíochta / Eile | Iomlán | An Líon Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | | € | € | € | |
| An Comh. Jim Finucane (cathaoirleach) | 608 | 460 | 3,747 | 1,398 | | 6,213 | 12/12 |
| An Comh. John Brassil | 544 | | 54 | | 54 | 598 | 8/12 |
| Debbie Brosnan | 693 | | 15 | | 15 | 708 | 8/12 |
| An Comh. Michael Cahill | 962 | | 656 | 567 | 41 | 2,185 | 11/12 |
| An Comh. Toiréasa Ferris | 543 | | | | | 543 | 10/12 |
| An Comh. Séamus Fitzgerald | 1,244 | 421 | 101 | | 101 | 1,765 | 9/12 |
| An Comh. John Francis Flynn | 929 | | 64 | 547 | 64 | 1,540 | 11/12 |
| An Comh. Norma Foley | 405 | | | | | 405 | 8/12 |
| An tAth. Ger Godley | 412 | | 20 | | 20 | 432 | 7/12 |
| Bríd McElligott | 365 | | 22 | | 22 | 387 | 8/12 |
| Mary McGillicuddy | 616 | 702 | 391 | 293 | 97 | 1,708 | 7/12 |
| Eugene Moriarty | 605 | | | | | 605 | 11/12 |
| An Comh. Norma Moriarty | 1,117 | | 17 | | 17 | 1,134 | 10/12 |
| An Comh. Dianne Nolan | 614 | 174 | 141 | | 141 | 929 | 7/12 |
| An Comh. Terry O'Brien | 486 | 447 | | | | 933 | 8/12 |
| Hugh O'Connell | 870 | 146 | 686 | | 126 | 1,702 | 12/12 |
| Leonard O'Donnell | 527 | | 147 | 385 | 147 | 1,059 | 12/12 |
| Maria O'Gorman | 1,227 | 262 | 546 | 460 | 383 | 2,495 | 12/12 |
| An Comh. Damien Quigg | 1,169 | 1,563 | 65 | | 65 | 2,797 | 10/12 |
| MaryAnne Slattery | 446 | 326 | 46 | | 46 | 818 | 10/12 |
| An Comh. Aoife Thornton | 690 | | 44 | | 44 | 734 | 9/12 |
| **Iomlán** | **15,071** | **4,502** | **6,762** | **3,357** | **1,383** | **29,692** | |

## TUARASCÁIL AIRGEADAIS
Cuireadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí ar bun an 1 Iúil 2013. Díscaoileadh Coiste Gairmoideachais Chontae Chiarraí an 30 Meitheamh 2013. Aistríodh na sócmhainní, na dliteanais agus na baill foirne uile de chuid an Choiste chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna ar bhonn gnóthais leantaigh ansin.

Cuireadh SOLAS ar bun an 27 Deireadh Fómhair 2013. Ina dhiaidh sin, ba chuig SOLAS a aistríodh na feidhmeanna, na hoibríochtaí, na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fágtha ag FÁS, a díscaoileadh an 26 Deireadh Fómhair 2013.

Rinneadh 40 ball foirne, cláir ghaolmhara, oibríochtaí gaolmhara agus córais ghaolmhara - lenar áiríodh sócmhainní gaolmhara agus dliteanais ghaolmhara Ionad Oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí - a aistriú chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna an 1 Eanáir 2014 ar bhonn gnóthais leantaigh.

## STRAITÉIS AIRGEADAIS
Is é cuspóir na feidhme Airgeadais tacaíocht a thabhairt don Bhord chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse a chomhlíonadh laistigh den bhuiséad. I measc na gcineálacha tacaíochta airgeadais a thugtar, tá tacaíocht don chinnteoireacht, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheart agus cuntasacht reachtúil.

## CUNTASACHT REACHTÚIL
Tá feidhm ag diancheanglais chuntasachta maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna. Áirítear leis na ceanglais sin ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuimsíonn siad Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, Cuntas Oibriúcháin, Ráiteas faoi Shócmhainní Reatha agus faoi Dhliteanais Reatha, agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Tá córais rialaithe airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin agus go mbainfear cuspóirí amach go héifeachtach.

Rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais don bhliain 2015 a iniúchadh agus a cheadú.

## ACHOIMRE AIRGEADAIS
Is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thagann an chuid is mó de chistiú Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí chun soláthar Iar-bhunscoile a chur ar fáil. Is iad SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a chistíonn an Bord chun cláir bhreisoideachais agus oiliúna a chur ar fáil.

# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí
# Cuntas Oibriúcháin don Tréimhse Ocht Mí Dhéag dar Críoch an 31 Nollaig 2015

| | An bhliain dar críoch an 31/12/2015 € |
|---|---|
| **FÁLTAIS** | |
| Scoileanna agus Deontais ón gCeannoifig | 21,841,649 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | 23,963,427 |
| Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 268,119 |
| Deontais Seirbhísí don Ógra | 331,912 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,768,216 |
| Deontais Chaipitil | 1,289,241 |
| Comhfhiontar | 72,497 |
| | 50,535,061 |

| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | An bhliain dar críoch an 31/12/2015 |
|---|---|
| Scoileanna agus Ceannoifig | 22,033,955 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 24,794,515 |
| Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn | 286,379 |
| Seirbhísí don Ógra | 359,570 |
| Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,830,707 |
| Caipiteal | 1,162,980 |
| Comhfhiontar | 59,826 |
| | 51,527,932 |

| | |
|---|---|
| **Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse** | (992,871) |
| **Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile** | 1,026,844 |
| **Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fabhraithe don Tréimhse** | 33,973 |
| **Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 01/01/2015** | (98,051) |
| **Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 31/12/2015** | (64,078) |